



Uimhir 7 de 1994

AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE, 1994
[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme, forléiriú agus comhlua.
2. Léiriú.
3. Rialacháin.
4. Aisghairm.

CUID II

AN BIÚRÓ

5. Mínithe do Chuid V d'Acht 1968.
6. Feidhmeanna agus dualgais an Bhiúró.
7. Feidhmeanna an Stiúrthóra.
8. Cosaint don Stiúrthóir, etc., in aghaidh imeachtaí dlíthiúla.

CUID III

CIONTA TIOMÁNA.

9. Léiriú Chuid III.
10. Toirmeasc ar dhuine faoi bhrí meiscigh feithicil a thiomáint.
11. Toirmeasc ar dhuine faoi bhrí meiscigh a bheith i bhfeighil feithicle.
12. Oibleagáid réamhshampla anála a chur ar fáil.
13. Oibleagáid sampla a chur ar fáil tar éis gabháil.

Alt

14. Oibleagáid dul in éineacht le comhalta go dtí stáisiún Garda Síochána, ní faoi ghabháil, chun sampla fola nó fuail a chur ar fáil.
15. Oibleagáid sampla fola nó fuail a chur ar fáil le linn a bheith in ospidéal.
16. Tiománaithe faoi bhrí meiscigh a choinneáil más contúirt iad dóibh féin nó do dhaoine eile.
17. An nós imeachta tar éis sampla anála a chur ar fáil faoi alt 13.
18. An nós imeachta maidir le samplaí fola a thógáil agus samplaí fuail a chur ar fáil.
19. An nós imeachta sa Bhiúró maidir le samplaí.
20. Forálacha maidir le fianaise áirithe in ionchúisimh faoi ailt 49 agus 50 den Phríomh-Acht.
21. Forálacha maidir le fianaise áirithe in imeachtaí faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994.
22. Costais ionchúiseamh faoi ailt 49 agus 50 den Phríomh-Acht agus faoi Chuid III.
23. Cosaint ar dhiúltú cead a thabhairt sampla fola a thógáil nó 2 shampla anála a chur ar fáil.
24. Urchosc ar chosaint áirithe in aghaidh cúiseamh faoi ailt 49 agus 50 den Phríomh-Acht.

CUID IV

CEADÚNAIS TIOMÁNA.

25. Ceanglas ceadúnas tiomána a iompar le linn feithicil a thiomáint.
26. Orduithe dícháiliúcháin iarmhartacha.
27. Leasú ar fhorálacha a bhaineann le deireadh a chur le horduithe dícháiliúcháin iarmhartacha.
28. Sonraí dícháiliúcháin a sholáthar do dhaoine áirithe.
29. Feidhm fhorálacha an Phríomh-Achta maidir le ceadúnais shealadacha.

CUID V

LUASTEORAINNEACHA.

30. Leasú ar alt 44A den Phríomh-Acht.
31. Luasteorainn mhótarbhealaigh.
32. Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht.

Alt

33. Luasteorainneacha speisialta.
34. Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht.

CUID VI

TRÁCHT A RIALÁIL.

35. Rialacháin chun trácht agus coisithe a rialú i gcoitinne.
36. Locadh feithiclí in áiteanna lotha ar bhóithre poiblí.
37. Leasú ar alt 95 den Phríomh-Acht.
38. Bearta maolaithe tráchta.

CUID VII

ILGHNÉITHEACH.

39. Cumhachtaí iontrála.
 40. Leasú ar an Ordú um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú), 1958.
 41. Feithiclí a choinneáil.
 42. Cumhacht údaráis bóithre trealamh áirithe, etc. a sholáthar agus a chothabháil ar bhóithre poiblí.
 43. Leasú ar alt 103 den Phríomh-Acht.
 44. Leasú ar alt 105 den Phríomh-Acht.
 45. Leasú ar alt 106 den Phríomh-Acht.
 46. Leasú ar alt 107 den Phríomh-Acht.
 47. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.
 48. Imeachtaí achoimre.
 49. Mionleasuithe agus leasuithe iarmhartacha.
-

[Uimh. 7.] An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, [1994.]
1994.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1991	
An tAcht um Iompras Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh), 1987	1987, Uimh. 34
An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952	1952, Uimh. 24
<i>Licensing Act</i> , 1872	1872, c. 94
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thrácht), 1975	1975, Uimh. 14
<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1898	1898, c. 37
Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978	1978, Uimh. 4
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	1851, c. 93
<i>Probation of Offenders Act</i> , 1907	1907, c. 17
Acht na mBóithre, 1993	1993, Uimh. 14
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1968	1968, Uimh. 25
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1978	1978, Uimh. 19
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1984	1984, Uimh. 16



Uimhir 7 de 1994

AN tAcht UM THRÁCHT AR BHÓITHRE, 1994
[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA
UM THRÁCHT AR BHÓITHRE, 1961 GO 1987.
[20 *Aibreán*, 1994]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, tosach feidhme, forléiriú agus comhlua.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla, lena n-áirítear feidhm alt 4 maidir le hAchtanna éagsúla a shonraítear san alt sin agus maidir le forálacha éagsúla de na hAchtanna sin.

(3) Déanfar an Príomh-Acht, Acht 1968, Acht 1984 agus Acht 1987 (a mhéid a leasaíonn sé na hAchtanna sin) a fhorléiriú mar aon ní amháin leis an Acht seo agus féadfar na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994, a ghairm de na hAchtanna sin agus den Acht seo le chéile.

2.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs Léiriú.
a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1968” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1968;

ciallaíonn “Acht 1978” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1978;

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1984;

ciallaíonn “Acht 1987” an tAcht um Iompras Bhaile Átha Cliath (Díscaoileadh), 1987;

ciallaíonn “Acht 1993” Acht na mBóithre, 1993;

Cd.I A.2

ciallaíonn “údarás ceadúnúcháin” comhairle contae nó bardas contaebhuirge;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961;

ciallaíonn “feidhm fhorchoimeádta”—

(a) i gcás comhairle contae nó comhlachta toghaí chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1991, feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna sin, agus

(b) i gcás bardais contaebhuirge, feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna a bhaineann le bainistíocht na contaebhuirge.

(2) San Acht seo—

(a) aon tagairt do Chuid, d’alt nó do Sceideal is tagairt í do Chuid, d’alt nó do Sceideal den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhómhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(c) déanfar tagairt d’aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán iardain, lena n-áirítear an tAcht seo, nó faoi.

Rialacháin.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun lánéifeacht a thabhairt don Acht seo agus féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha, iarmhartacha agus idirlinne a bheith sna rialacháin is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(2) Aon rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo leagfar iad faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá ina dhiaidh sin a shuffidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán beidh na rialacháin ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

Aisghairm.

4.—(1) Aisghairtear leis seo ailt 89, 90, 101 (8), 101A (a cuireadh isteach le hAcht 1987) agus 115 (7) den Phríomh-Acht, alt 60 d’Acht 1968 agus Acht 1978.

(2) Aon rialacháin, fodhlíthe agus rialacha sealadacha a rinneadh faoi fhoráil nó achtachán dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm agus measfar gur rialacháin nó, de réir mar a bheidh, fodhlíthe iad arna ndéanamh faoin bhforáil chomhréire den Acht seo, agus beidh siad inleasaithe nó inchúlghairthe dá réir sin, agus aon doiciméid a eisíodh faoi réim nó de réir aon rialachán, fodhlíthe nó rialacha sealadacha mar a dúradh, agus a bhí i bhfeidhm

díreach roimh an tosach feidhme sin, leanfaidh siad de bheith i Cd.I A.4 bhfeidhm chun críocha an Achta seo.

CUID II

AN BIÚRÓ

5.—Cuirtear an méid seo a leanas in ionad alt 27 d’Acht 1968: Mínithe do Chuid V
d’Acht 1968.

“27.—Sa Chuid seo—

foláionn ‘anailís’ aon oibríocht a úsáidtear chun an cion alcóil i sampla anála, fola nó fuail a chinneadh, agus aon oibríocht a úsáidtear chun a chinneadh an bhfuil (nó nach bhfuil) druga nó drugaí i sampla fola nó fuail, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

tá le ‘Biúró’ an bhrí a shanntar dó le halt 37 (1);

tá le ‘Stiúrthóir’ an bhrí a shanntar dó le halt 39 (1);

tá le ‘ordú bunaithe’ an bhrí a shanntar dó le halt 37 (1).”.

6.—Leasaítear leis seo alt 38 d’Acht 1968—

Feidhmeanna agus
dualgais an Bhiúró.

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Comhlíonfaidh an Biúró na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo, nó faoi, nó leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, nó faoi.

(2) Go háirithe, agus gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh an Biúró, faoi réir an ordaithe bhunaithe agus aon rialachán faoi Chuid III den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, socrú le haghaidh na nithe seo a leanas—

(a) samplaí fola agus fuail a chuirfeadh go dtí an Biúró faoi Chuid III den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, a ghlacadh agus anailís a dhéanamh orthu agus tuarascálacha ar anailísí den sórt sin a eisiúint,

(b) cinneadh a dhéanamh, maidir leis na samplaí sin, ar an gcion alcóil san fhuil nó san fhual agus ar dhruaga nó drugaí a bheith (nó gan a bheith) san fhuil nó san fhual,

(c) deimhnithe a eisiúint a gceanglaítear ar an mBiúró, faoi Chuid III den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, iad a eisiúint,

(d) trealamh a sholáthar leis na samplaí sin a thógáil,

(e) ceadú a dhéanamh—

(i) ar ghaireas chun alcól san anáil a thaispeáint, agus

(ii) ar ghaireas chun an cion alcóil san anáil a chinneadh.”, agus

Cd.II A.6 (b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) i bhfo-alt (4):

“(a) socrú a dhéanamh le haghaidh sholáthar agus thástáil an ghairis seo a leanas—

(i) gaireas chun alcól san anáil a thaispeáint, agus

(ii) gaireas chun an cion alcóil san anáil a chinneadh,”.

Feidhmeanna an Stiúrthóra.

7.—Cuirtear an méid seo a leanas in ionad alt 39 (2) d’Acht 1968:

“(2) Déanfaidh an Stiúrthóir, faoi réir na Coda seo, faoi réir an ordaithe bhunaithe agus faoi réir aon rialachán faoi Chuid III den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, bainistíocht ó lá go lá ar ghnó an Bhiúró agus feidhmeoidh sé maoirseacht ghinearálta i ndáil leis an mBiúró do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo, nó faoi, nó leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, nó faoi.”.

Cosaint don Stiúrthóir, etc., in aghaidh imeachtaí dlíthiúla.

8.—Leasaítear leis seo alt 42 d’Acht 1968 trí “, faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1978, nó faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994” a chur isteach i ndiaidh “faoin Acht seo”.

CUID III

CIONTA TIOMÁNA

Léiriú Chuid III.

9.—(1) Sa Chuid seo—

folaíonn “anailís” aon oibríocht a úsáidtear chun an cion alcóil i sampla anála, fola nó fuail a chinneadh, agus aon oibríocht a úsáidtear chun a chinneadh an bhfuil (nó nach bhfuil) druga nó drugaí i sampla fola nó fuail, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

tá le “Biúró” an bhrí a shanntar dó le halt 37 (1) d’Acht 1968;

ciallaíonn “ainmnithe” ainmnithe ag comhalta den Gharda Síochána;

ciallaíonn “dochtúir” duine atá cláraithe i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí a bunaíodh faoi alt 26 d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978;

folaíonn “meisceach” alcól agus drugaí agus aon teaghlaim de dhruaí nó de dhruaí agus alcól.

(2) Aon tagairt sa Chuid seo (seachas ailt 10 agus 11) d’alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht is tagairt í don alt arna chur isteach leis an gCuid seo.

Toirmeasc ar dhuine faoi bhrí meiscigh feithicil a thiomáint.

10.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach sa Phríomh-Acht in ionad alt 49 den Acht sin:

“49.—(1) (a) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí agus é an oiread sin faoi bhrí meiscigh nach féidir leis an fheithicil a rialú i gceart.

(b) San fho-alt seo folaíonn ‘meisceach’ alcól agus Cd.III A.10
drugaí agus aon teaglaim de dhruagaí nó de dhruagaí
agus alcól.

(2) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí fad a bheidh ina cholainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huaire an chloig tar éis dó tiomáint, nó iarracht a thabhairt ar thiomáint, amhlaidh, an cion alcóil ina chuid fola ná cion 80 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola.

(3) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí fad a bheidh ina cholainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huaire an chloig tar éis dó tiomáint, nó iarracht a thabhairt ar thiomáint, amhlaidh, an cion alcóil ina chuid fuail ná cion 107 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail.

(4) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí fad a bheidh ina cholainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huaire an chloig tar éis dó tiomáint, nó iarracht a thabhairt ar thiomáint, amhlaidh, an cion alcóil ina chuid anála ná cion 35 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála.

(5) (a) Féadfaidh an tAire, le rialacháin arna ndéanamh aige, an cion alcóil a bheidh sonraithe de thuras na huaire i bhfo-alt (2), (3) nó (4) den alt seo a athrú, cibé acu i gcoitinne nó i leith aicme áirithe duine, agus beidh éifeacht leis an bhfo-alt sin de réir aon rialachán den sórt sin a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(b) Déanfar dréacht de gach rialachán a bheartaítear a dhéanamh faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an rialachán go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin agus ní bheidh feidhm ag alt 5 (2) den Acht seo maidir le rialachán arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo.

(6) (a) Duine a sháróidh fo-alt (1), (2), (3) nó (4) den alt seo beidh sé ciontach i gcion agus dlífear ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(b) Duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, in ionad é a fháil ciontach sa chion sin, é a fháil ciontach i gcion faoi alt 50 den Acht seo.

(7) Ní bheidh feidhm ag alt 1 (1) den *Probation of Offenders Act*, 1907, maidir le cion faoin alt seo.

(8) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige.”

Cd.III

Toirmeasc ar
dhuine faoi bhrí
meiscigh a bheith i
bhfeighil feithicle.

11.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach sa Phríomh-Acht in ionad alt 50 den Acht sin:

“50.—(1) (a) Beidh duine ciontach i gcion más rud é, le linn dó a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan é ag tiomáint na feithicle ná ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint), go bhfuil sé an oiread sin faoi bhrí meiscigh nach féidir leis an fheithicil a rialú i gceart.

(b) San fho-alt seo folaíonn ‘meisceach’ alcól agus drugaí agus aon teaglaim de dhrugaí nó de dhrugaí agus alcól.

(2) Beidh duine ciontach i gcion más rud é, le linn dó a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan é ag tiomáint na feithicle ná ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint), go bhfuil ina cholainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó a bheith ina feighil amhlaidh, an cion alcóil ina chuid fola ná cion 80 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola.

(3) Beidh duine ciontach i gcion más rud é, le linn dó a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan é ag tiomáint na feithicle ná ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint), go bhfuil ina cholainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó a bheith ina feighil amhlaidh, an cion alcóil ina chuid fuail ná cion 107 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail.

(4) Beidh duine ciontach i gcion más rud é, le linn dó a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan é ag tiomáint na feithicle ná ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint), go bhfuil ina cholainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó a bheith ina feighil amhlaidh, an cion alcóil ina chuid anála ná cion 35 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála.

(5) (a) Féadfaidh an tAire, le rialacháin arna ndéanamh aige, an cion alcóil a bheidh sonraithe de thuras na huairé i bhfo-alt (2), (3) nó (4) den alt seo a athrú, cibé acu i gcoitinne nó i leith aicme áirithe duine, agus beidh éifeacht leis an bhfo-alt sin de réir aon rialachán den sórt sin a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé.

(b) Déanfar dréacht de gach rialachán a bheartaítear a dhéanamh faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an rialachán go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin agus ní bheidh feidhm ag alt 5 (2) den Acht seo maidir le rialachán arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo.

(6) (a) Duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(b) Duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, in ionad é a fháil ciontach sa chion sin, é a fháil ciontach i gcion faoi alt 49 den Acht seo. Cd.III A.11

(7) Ní bheidh feidhm ag alt 1 (1) den *Probation of Offenders Act*, 1907, maidir le cion faoin alt seo.

(8) In ionchúiseamh i leith ciona faoin alt seo toimhdeofar go raibh ar intinn ag an gcosantóir an fheithicil lena mbaineann a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint go dtí go suífidh sé a mhalairt.

(9) Duine a ndlífeair é a chúiseamh i gcion faoin alt seo ní dhlífeair, faoi threoir an teagmhais chéanna, é a chúiseamh faoi alt 12 den *Licensing Act*, 1872, i gcion a bheith ar meisce agus é i bhfeighil carráiste ar bhóthar mór nó in áit phoiblí eile.

(10) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige.”.

12.—(1) Aon uair is dóigh le comhalta den Gharda Síochána go bhfuil deoch mheisciúil tomhailte ag duine atá i bhfeighil feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí, féadfaidh sé a cheangal ar an duine— Oibleagáid réamhshampla anála a chur ar fáil.

(a) sampla dá anáil a chur ar fáil trí easanálú isteach i ngaireas chun alcól san anáil a thaispeáint agus féadfaidh sé an modh leis an gceanglas a chomhlíonadh a chur in iúl;

(b) dul in éineacht leis chuig áit (lena n-áirítear feithicil) ag an áit phoiblí sin nó i gcóngar na háite poiblí sin agus a cheangal air san áit sin sampla dá anáil a chur ar fáil trí easanálú isteach i ngaireas den sórt sin agus féadfaidh sé an modh leis an gceanglas a chomhlíonadh a chur in iúl;

(c) i gcás nach mbeidh gaireas den sórt sin leis, fanacht ag an áit sin ina láthair nó i láthair comhalta eile den Gharda Síochána go dtí go mbeidh gaireas den sórt sin ar fáil aige (ach ní cheanglóidh sé air fanacht san áit sin níos faide ná uair an chloig) agus féadfaidh sé an tráth sin a cheangal ar an duine sampla dá anáil a chur ar fáil trí easanálú isteach i ngaireas den sórt sin agus féadfaidh sé an modh leis an gceanglas a chomhlíonadh a chur in iúl.

(2) Duine a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas faoin alt seo a chomhlíonadh láithreach, nó ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh láithreach ar mhodh a bheidh curtha in iúl ag comhalta den Gharda Síochána, beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoin gCuid seo nó faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt, gur gaireas chun alcól san anáil a thaispeáint gaireas a chuir comhalta den Gharda Síochána ar fáil chun a chumasú do dhuine sampla anála a chur ar fáil de bhun an ailt seo.

Cd.III
Oibleagáid sampla a
chur ar fáil tar éis
gabháil.

13.—(1) I gcás ina ngabhtar duine faoi alt 49 (8) nó 50 (10) den Phríomh-Acht nó faoi alt 12 (3), nó i gcás ina ngabhtar duine faoi alt 53 (6), 106 (3A) nó 112 (6) den Phríomh-Acht agus gur dóigh le comhalta den Gharda Síochána go bhfuil meisceach tógtha ag an duine, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, ag stáisiún Garda Síochána, dá rogha féin, ceachtar de na nithe seo a leanas, nó iad araon, a dhéanamh—

(a) a cheangal ar an duine 2 shampla dá anáil a chur ar fáil trí easanáilú isteach i ngaireas chun an cion alcóil san anáil a chinneadh agus féadfaidh sé an modh leis an gceanglas a chomhlíonadh a chur in iúl,

(b) a cheangal ar an duine—

(i) a cheadú do dhochtúir ainmnithe sampla d'fhuil an duine a thógáil uaidh, nó

(ii) de rogha an duine, sampla dá fhual a chur ar fáil don dochtúir ainmnithe,

agus má dhéanann an dochtúir ráiteas i scríbhinn nach bhfuil sé toilteanach, ar fhorais liachta, an sampla lenar bhain an ceanglas i gceachtar de na fomhíreanna sin roimhe seo a thógáil ón duine nó go gcuirfidh an duine ar fáil dó é, féadfaidh an comhalta ceanglas a chur ar an duine faoin mír seo i ndáil leis an sampla seachas an ceann lenar bhain an chéad cheanglas.

(2) Faoi réir alt 23, duine a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas faoi fho-alt (1) (a) a chomhlíonadh láithreach beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(3) Faoi réir alt 23, duine a mbeidh ceanglas curtha air faoi fho-alt (1) (b) agus—

(a) a dhiúltóidh nó a mhainneoidh an ceanglas a chomhlíonadh, nó

(b) a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas ó dhochtúir ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil faoin bhfo-alt sin nó i ndáil le sampla fuail a chur ar fáil faoin bhfo-alt sin,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoin gCuid seo nó faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht toimhdeofar, go dtí go suífeair a mhalairt, gur gaireas chun an cion alcóil san anáil a chinneadh gaireas a chuir comhalta den Gharda Síochána ar fáil chun a chumasú do dhuine 2 shampla anála a chur ar fáil de bhun an ailt seo.

(5) Ní bheidh feidhm ag alt 1 (1) den *Probation of Offenders Act*, 1907, maidir le cion faoin alt seo.

14.—(1) Aon uair is dóigh le comhalta den Gharda Síochána go bhfuil duine atá i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí an oiread sin faoi bhrí druga nó drugaí nach féidir leis an fheithicil a rialú i gceart, féadfaidh sé a cheangal ar an duine dul in éineacht leis go dtí stáisiún Garda Síochána.

CD.III

Oibleagáid dul in éineacht le comhalta go dtí stáisiún Garda Síochána, ní faoi ghabháil, chun sampla fola nó fuail a chur ar fáil.

(2) Duine a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoi fho-alt (2) á dhéanamh nó déanta aige.

(4) I gcás duine a bheith ag stáisiún Garda Síochána de bhun fho-alt (1) nó tar éis é a ghabháil faoi fho-alt (3), féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a cheangal ar an duine san áit sin—

(a) a cheadú do dhochtúir ainmnithe sampla d'fhuil an duine a thógáil uaidh, nó

(b) de rogha an duine, sampla dá fhual a chur ar fáil don dochtúir ainmnithe,

agus má dhéanann an dochtúir ráiteas i scríbhinn nach bhfuil sé toilteanach, ar fhorais liachta, an sampla lenar bhain an ceanglas i gceachtar de na míreanna sin roimhe seo a thógáil ón duine nó go gcuirfidh an duine ar fáil dó é, féadfaidh an comhalta ceanglas a chur ar an duine faoin bhfo-alt seo i ndáil leis an sampla seachas an ceann lenar bhain an chéad cheanglas.

(5) Faoi réir alt 23, duine a mbeidh ceanglas curtha air faoi fho-alt (4) agus—

(a) a dhiúltóidh nó a mhainneoidh an ceanglas a chomhlíonadh, nó

(b) a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas ó dhochtúir ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil faoin bhfo-alt sin nó i ndáil le sampla fuail a chur ar fáil faoin bhfo-alt sin,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(6) Ní bheidh feidhm ag alt 1 (1) den *Probation of Offenders Act*, 1907, maidir le cion faoin alt seo.

15.—(1) Más rud é, in áit phoiblí, go dtarlóidh teagmhas i ndáil le feithicil inneallghluaiste ar dá dhroim a dhíobháiltear duine, nó a éileoidh duine gur díobháladh é nó a dhealraítear é a bheith díobháilte, agus go nglacfar isteach in ospidéal é, nó go bhfreastalóidh sé ar ospidéal, agus gur dóigh le comhalta den Gharda Síochána—

Oibleagáid sampla fola nó fuail a chur ar fáil le linn a bheith in ospidéal.

(a) go raibh an duine, tráth an teagmhais, ag tiomáint na feithicle inneallghluaiste, nó ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint, nó i bhfeighil na feithicle inneallghluaiste le

Cd.III A.15

hintinn í a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan é ag tiomáint na feithicle ná ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint), agus

(b) go raibh meisceach tógtha ag an duine tráth an teagmhais,

ansin féadfaidh an comhalta sin, san ospidéal, a cheangal ar an duine—

(i) a cheadú do dhochtúir ainmnithe sampla d'fhuil an duine a thógáil uaidh, nó

(ii) de rogha an duine, sampla dá fhual a chur ar fáil don dochtúir ainmnithe,

agus má dhéanann an dochtúir ráiteas i scríbhinn nach bhfuil sé toilteanach, ar fhorais liachta, an sampla lenar bhain an ceanglas i gceachtar de na fomhíreanna sin roimhe seo a thógáil ón duine nó go gcuirfidh an duine ar fáil dó é, féadfaidh an comhalta ceanglas a chur ar an duine faoin bhfo-alt seo i ndáil leis an sampla seachas an ceann lenar bhain an chéad cheanglas.

(2) Faoi réir alt 23, duine a mbeidh ceanglas curtha air faoi fho-alt (1) agus—

(a) a dhiúltóidh nó a mhainneoidh an ceanglas a chomhlíonadh, nó

(b) a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas ó dhochtúir ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil faoin bhfo-alt sin nó i ndáil le sampla fuail a chur ar fáil faoin bhfo-alt sin,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(3) D'ainneoin fho-alt (2), ní cion é do dhuine diúltú nó mainneachtain ceanglas faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh más rud é, tar éis é a ghlacadh isteach in ospidéal, nó tar éis dó freastal ar ospidéal, go dtiocfaidh an duine faoi chúram dochtúra agus go ndiúltóidh an dochtúir, ar fhorais liachta, a cheadú an sampla lena mbaineann a thógáil nó a chur ar fáil.

(4) Ní bheidh feidhm ag alt 1 (1) den *Probation of Offenders Act*, 1907, maidir le cion faoin alt seo.

Tiománaithe faoi bhrí meiscigh a choinneáil más contúirt iad dóibh féin nó do dhaoine eile.

16.—(1) I gcás—

(a) duine a bheith ag stáisiún Garda Síochána tar éis é a ghabháil faoi alt 49 (8) nó 50 (10) den Phríomh-Acht nó faoi alt 12 (3) nó 14 (3), nó

(b) ina gceanglófar ar dhuine faoi alt 14 (1) dul in éineacht le comhalta den Gharda Síochána go dtí stáisiún Garda Síochána agus go gcomhlíonfaidh sé an ceanglas,

féadfar, ag an stáisiún Garda Síochána, más dóigh leis an gcomhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin de thuras na huairé go bhfuil an duine an oiread sin faoi bhrí meiscigh gur baol é dá shábháilteacht féin nó do shábháilteacht daoine eile, é a choinneáil i gcoimeád ar feadh cibé tréimhse (nach faide ná 6 huairé an chloig

ón am a gabhadh é nó, de réir mar a bheidh, ón am a ceanglaíodh Cd.III A.16
air dul in éineacht le comhalta go dtí an stáisiún) a mheasann an
comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas amhlaidh a bheith
riachtanach.

(2) Más rud é go gcoinneofar duine faoi fho-alt (1), déanfaidh an
comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda
Síochána de thuras na huairé—

(a) i gcás an duine a choinneofar a bheith, nó inar dóigh leis an
gcomhalta sin go bhfuil sé, 18 mbliana d'aois nó os a
chionn, a luaithe is féidir, más indéanta le réasún déan-
amh amhlaidh, an choinneáil a chur in iúl do ghaol de
chuid an duine nó do cibé duine eile a shonróidh an duine
atá á choinneáil amhlaidh, mura rud é nach mian leis an
duine atá á choinneáil amhlaidh go gcuirfear sin in iúl
d'aon duine, agus

(b) i gcás an duine a choinneofar a bheith, nó inar dóigh leis an
gcomhalta sin go bhfuil sé, faoi bhun 18 mbliana d'aois,
a luaithe is féidir, más indéanta le réasún déanamh
amhlaidh, an choinneáil a chur in iúl do ghaol de chuid
an duine nó do cibé duine eile a shonróidh an duine atá
á choinneáil amhlaidh.

(3) Maidir le duine a choinneofar faoi fho-alt (1)—

(a) i gcás é a bheith, nó inar dóigh leis an gcomhalta den Gharda
Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána de
thuras na huairé go bhfuil sé, 18 mbliana d'aois nó os a
chionn, déanfaidh an comhalta sin, ar dhuine is gaol de
chuid an duine atá á choinneáil amhlaidh, nó is duine a
bheidh sonraithe, de bhun fho-alt (2), ag an duine atá á
choinneáil amhlaidh, teacht chuig an stáisiún, é a scaoil-
eadh saor i gcoimeád an duine sin, mura rud é—

(i) go bhfuil an duine is déanaí atá luaite, nó gur dóigh
leis an gcomhalta sin go bhfuil sé, faoi bhun 18
mbliana d'aois,

(ii) nach mian leis an duine atá á choinneáil amhlaidh go
scaoilfear saor é i gcoimeád an duine is déanaí atá
luaite, nó

(iii) gur dóigh leis an gcomhalta réamhráite go leanann an
duine atá á choinneáil amhlaidh de bheith an oiread
sin faoi bhrí meiscigh go leanfaidh sé, má scaoiltear
saor ansin é i gcoimeád an duine is déanaí atá luaite,
de bheith ina bhaol dá shábháilteacht féin nó do
shábháilteacht daoine eile,

agus, mura scaoilfear saor amhlaidh é, scaoilfear saor é
ag deireadh na tréimhse coinneála a údaraítear le fo-alt
(1), agus

(b) i gcás é a bheith, nó inar dóigh leis an gcomhalta den Gharda
Síochána atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána de
thuras na huairé go bhfuil sé, faoi bhun 18 mbliana d'aois,
déanfaidh an comhalta sin, ar dhuine is gaol de chuid an
duine atá á choinneáil amhlaidh, nó is duine a bheidh
sonraithe, de bhun fho-alt (2), ag an duine atá á choin-
neáil amhlaidh, teacht chuig an stáisiún, é a scaoiltear
saor i gcoimeád an duine sin, mura rud é go bhfuil an

Cd.III A.16

duine is déanaí atá luaite, nó gur dóigh leis an gcomhalta sin go bhfuil sé, faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus, mura scaoilfear saor amhlaidh é, scaoilfear saor é ag deireadh na tréimhse coinneála a údaraítear le fo-alt (1).

An nós imeachta tar éis sampla anála a chur ar fáil faoi alt 13.

17.—(1) Más rud é go ndéanfaidh duine, de dhroim ceanglais air faoi alt 13 (1)(a), 2 shampla dá anáil a chur ar fáil agus go gcinnfidh an gaireas dá dtagraítear san alt sin an cion alcóil i ngach sampla acu—

(a) i gcás ina gcinnfidh an gaireas go bhfuil an cion céanna alcóil i ngach sampla acu, déanfar ceachtar sampla, agus

(b) i gcás ina gcinnfidh an gaireas go bhfuil cion éagsúil alcóil i ngach sampla acu, déanfar an sampla ina bhfuil an cion is ísle alcól,

a chur i gcuntas chun críocha ailt 49 (4) agus 50 (4) den Phríomh-Acht agus déanfar neamhshuim den sampla eile.

(2) I gcás ina ndéanfaidh an gaireas dá dtagraítear in alt 13 (1) a chinneadh, maidir leis an sampla anála a bheidh le cur i gcuntas mar atá réamhráite, go bhféadfadh sé go bhfuil sárú déanta ag an duine ar alt 49 (4) nó 50 (4) den Phríomh-Acht, tabharfaidh comhalta den Gharda Síochána 2 ráiteas chomhionanna dó láithreach, ar ráitis iad a bheidh táirgthe go huathoibríoch ag an ngaireas sin a dúradh san fhoirm fhorordaithe agus a bheidh comhlánaithe go cuí ag an gcomhalta ar an modh forordaithe, ina luafar an cion alcóil sa sampla sin arna chinneadh ag an ngaireas sin a dúradh.

(3) Ar na ráitis réamhráite a fháil déanfaidh an duine, ar an gcomhalta réamhráite a iarraidh air déanamh amhlaidh—

(a) a admháil láithreach go bhfuair sé iad trína shíniú a chur le gach ráiteas acu, agus

(b) ceachtar de na ráitis a thabhairt ar ais air sin don chomhalta.

(4) Duine a dhiúltóidh nó a mhainneoidh fo-alt (3) a chomhlíonadh beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná £500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air.

(5) Beidh feidhm ag alt 21 (1) maidir le ráiteas faoin alt seo ar ráiteas é ar mainnfhodh fo-alt (3)(a) a chomhlíonadh ina leith mar atá feidhm aige maidir le ráiteas a comhlánaíodh go cuí faoin alt seo.

An nós imeachta maidir le samplaí fola a thógáil agus samplaí fuail a chur ar fáil.

18.—(1) Más rud é, faoin gCuid seo, gur thóg dochtúir ainmnithe sampla fola ó dhuine nó gur chuir an duine sampla dá fhual ar fáil dó, déanfaidh an dochtúir 2 chuid den sampla, cuirfidh sé gach cuid ar leith i gcoimeádán agus séalóidh sé láithreach é, agus comhlánóidh sé an fhoirm atá forordaithe chun críocha an ailt seo.

(2) I gcás 2 chuid a bheith déanta de shampla fola nó fuail duine de bhun fho-alt (1), tairgfídh comhalta den Gharda Síochána ceann de na coimeádáin shéalaithe don duine mar aon le ráiteas i scríbhinn á rá go bhféadfaidh sé ceachtar de na coimeádáin a choimeád.

(3) A luaithe is féidir tar éis fo-alt (2) a bheith comhlíonta, cuirfidh comhalta den Gharda Síochána faoi deara an fhoirm chomhlánaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chur go dtí an Biúró, mar aon leis an

gcoimeádán séalaithe iomchuí nó, i gcás ar dhiúltaigh an duine ceann de na coimeádáin shéalaithe a choimeád, an dá choimeádán shéalaithe iomchuí. Cd.III A.18

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoin gCuid seo nó faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht, toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur comhlíonadh fo-ailt (1) go (3).

19.—(1) A luaithe is féidir tar éis don Bhiúró sampla a cuireadh chuige faoi alt 18 a fháil, déanfaidh an Biúró anailís ar an sampla agus cinnfidh sé an cion alcóil sa sampla nó (de réir mar is cuí) cinnfidh sé an bhfuil druga nó drugaí sa sampla. An nós imeachta sa Bhiúró maidir le samplaí.

(2) I gcás an Biúró d'fháil 2 shampla fola a cuireadh ar aghaidh le chéile amhlaidh i ndáil leis an duine céanna nó 2 shampla fuail a cuireadh ar aghaidh le chéile amhlaidh i ndáil leis an duine céanna, is leorchomhlíonadh é ar fho-alt (1) an Biúró do dhéanamh anailíse ar cheann amháin den 2 shampla fola nó (de réir mar is cuí) ar cheann amháin den 2 shampla fuail, agus do dhéanamh cinneadh i ndáil leis.

(3) A luaithe is féidir tar éis fo-alt (1) a chomhlíonadh, déanfaidh an Biúró deimhniú comhlánaithe, san fhoirm a bheidh forordaithe chun críche an ailt seo, a chur go dtí an stáisiún Garda Síochána ónar cuireadh ar aghaidh an sampla a ndearnadh anailís air agus cóip den deimhniú comhlánaithe a chur chuig an duine a mbeidh sé ainmnithe ar an bhfoirm iomchuí faoi alt 18 gurb é an duine é ónar tógadh an sampla nó a chuir an sampla ar fáil.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoin gCuid seo nó faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht, toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur comhlíonadh fo-ailt (1) go (3).

20.—(1) Nuair a bheidh cúiseamh mar gheall ar chion faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht á éisteacht, ní gá a shuíomh nár thomhail an cosantóir deoch mheisciúil tar éis an ama a líomhnaítear a rinneadh an cion ach roimh shampla a thógáil nó a chur ar fáil faoi alt 13, 14 nó 15. Forálacha maidir le fianaise áirithe in ionchúisimh faoi ailt 49 agus 50 den Phríomh-Acht.

(2) Más rud é, nuair a bheidh cúiseamh mar gheall ar chion faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht á éisteacht, go dtabharfaidh an cosantóir, nó go dtabharfar thar a cheann, fianaise gur thomhail sé deoch mheisciúil tar éis an ama a líomhnaítear a rinneadh an cion ach roimh shampla a thógáil nó a chur ar fáil faoi alt 13, 14 nó 15, déanfaidh an chúirt neamhshuim den fhianaise mura ndeimhneoidh an cosantóir, nó mura ndeimhneofar thar a cheann, di—

(a) nár mhó, mura mbeadh an tomhailt sin, an cion alcóil i bhfuil an chosantóra (arna shonrú i ndeimhniú faoi alt 19) ná an cion alcóil a bheidh sonraithe de thuras na huaire i bhfo-alt (2) den alt sin 49 nó 50, de réir mar is cuí, cibé acu i gcoitinne nó i leith na haicme duine ar comhalta di an cosantóir,

(b) nár mhó, mura mbeadh an tomhailt sin, an cion alcóil i bhfuil an chosantóra (arna shonrú i ndeimhniú faoi alt 19) ná an cion alcóil a bheidh sonraithe de thuras na huaire i bhfo-alt (3) den alt sin 49 nó 50, de réir mar is cuí, cibé acu i gcoitinne nó i leith na haicme duine ar comhalta di an cosantóir, nó

Cd.III A.20

(c) nár mhó, mura mbeadh an tomhailt sin, an cion alcóil in anáil an chosantóra (arna shonrú i ráiteas faoi alt 17) ná an cion alcóil a bheidh sonraithe de thuras na huaire i bhfo-alt (4) den alt sin 49 nó 50, de réir mar is cuí, cibé acu i gcoitinne nó i leith na haicme duine ar comhalta di an cosantóir.

(3) (a) Ní dhéanfaidh duine aon bheart ná ní thabharfaidh sé iar-racht ar aon bheart a dhéanamh (lena n-áirítear alcól a thomhailt ach gan áireamh a dhéanamh ar dhiúltú nó mhainneachtain sampla dá anáil nó dá fhual a chur ar fáil nó cead a thabhairt sampla dá fhuil a thógáil) le hintinn ionchúiseamh faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht a bhac.

(b) Duine a sháróidh an fo-alt seo beidh sé ciontach i gcion agus dlífeair ar é a chiontú go hachomair fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

(4) Más rud é, nuair a bheidh cúiseamh mar gheall ar chion faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht á éisteacht, gur deimhin leis an gcúirt, maidir le haon bheart a rinne an cosantóir (lena n-áirítear alcól a thomhailt ach gan áireamh a dhéanamh ar dhiúltú nó mhainneachtain sampla dá anáil nó dá fhual a chur ar fáil nó cead a thabhairt sampla dá fhuil a thógáil), gur beart é a rinneadh amhlaidh le hintinn ionchúiseamh faoi cheachtar de na hailt sin a bhac, féadfaidh an chúirt é a fháil ciontach i gcion faoi fho-alt (3).

Forálacha maidir le fianaise áirithe in imeachtaí faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994.

21.—(1) Beidh ráiteas a comhlánaíodh go cuí agus a airbheartóidh a bheith curtha ar fáil faoi alt 17 ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífeair a mhalairt, in aon imeachtaí faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994, ar na fíorais a bheidh luaite ann gan cruthúnas ar aon síniú a bheidh air ná gurbh é an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú agus, go dtí go suífeair a mhalairt, is fianaise leordhóthanach é ar an gcomhalta den Gharda Síochána lena mbaineann do chomhlíonadh na gceanglas a fhorchuirtear air leis an gCuid seo nó fúithi sular chuir sé an ráiteas sin ar fáil, nó i dtaca leis an ráiteas sin a chur ar fáil, de bhun alt 17 (2).

(2) Beidh foirm a comhlánaíodh go cuí faoi alt 18 ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífeair a mhalairt, in aon imeachtaí faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994, ar na fíorais a bheidh luaite inti gan cruthúnas ar aon síniú a bheidh uirthi ná gurbh é an duine a shínigh í an duine cuí lena síniú agus, go dtí go suífeair a mhalairt, is fianaise leordhóthanach í ar an dochtúir ainmnithe lena mbaineann do chomhlíonadh na gceanglas a fhorchuirtear air leis an gCuid seo nó fúithi.

(3) Beidh deimhniú a déarfaidh é a bheith eisithe faoi alt 19 ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífeair a mhalairt, in aon imeachtaí faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994, ar na fíorais a bheidh luaite ann gan cruthúnas ar aon síniú a bheidh air ná gurbh é an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú agus, go dtí go suífeair a mhalairt, is fianaise leordhóthanach é ar an mBiúró do chomhlíonadh na gceanglas a fhorchuirtear air leis an gCuid seo, nó fúithi, nó le Cuid V d'Acht 1968, nó fúithi.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht nó alt 13, 14 nó 15, toimhdeofar, go dtí go suífeair a mhalairt, gur dochtúir ainmnithe gach duine de na daoine seo a leanas—

- (a) duine a thóg, de bhua cumhachtaí a thugtar dó leis an gCuid seo, ó dhuine eile, sampla d'fhuil an duine eile sin nó ar chuir duine eile sampla d'fhual an duine eile sin ar fáil dó, Cd.III A.21
- (b) duine a raibh diúltú nó mainneachtain ann maidir leis, tar éis ceanglas a bheith curtha faoi alt 13 (1), 14 (4) nó 15 (1) a cheadú dó sampla fola a thógáil, an cead sin a thabhairt nó ceanglas uaidh a chomhlíonadh i ndáil le sampla den sórt sin a thógáil,
- (c) duine a raibh diúltú nó mainneachtain ann maidir leis, tar éis ceanglas a bheith curtha faoi alt 13 (1), 14 (4) nó 15 (1) sampla fuail a chur ar fáil dó, sampla den sórt sin a chur ar fáil nó ceanglas uaidh a chomhlíonadh i ndáil le sampla den sórt sin a chur ar fáil.

(5) Más rud é, de bhun alt 13, 14 nó 15, go ndéanfaidh dochtúir ainmnithe ráiteas i scríbhinn nach bhfuil sé toilteanach, ar fhorais liachta, sampla d'fhuil duine a thógáil uaidh nó go ndéanfaidh an duine sin sampla dá fhual a chur ar fáil dó, beidh an ráiteas a shíneoidh an dochtúir ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífear a mhalairt, in aon imeachtaí faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994, ar na fíorais a bheidh luaite ann, gan cru-thúnas ar aon síniú a bheidh air ná gurbh é an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú.

22.—(1) I gcás ina gciontófar duine i gcion faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht nó faoi alt 13, 14 nó 15, ar cion é a dhéantar tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine ranníocaíocht a íoc leis an gcúirt faoi chomhair na gcostas agus na gcaiteachas a bheidh tabhairthe ag an mBiúró le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar ranníocaíocht í nach mó ná cibé méid a bheidh forordaithe de thuras na huair.

Costais ionchúiseamh faoi ailt 49 agus 50 den Phríomh-Acht agus faoi Chuid III.

(2) Déanfar íocaíochtaí faoi fho-alt (1) a dhiúscairt ar cibé modh a fhorordófar.

23.—(1) In ionchúiseamh duine i leith ciona faoi alt 13 mar gheall ar gur dhiúltaigh sé nó gur mhainnigh sé ceanglas a chomhlíonadh 2 shampla dá anáil a chur ar fáil, is cosaint é don chosantóir a dheimhniú don chúirt go raibh cúis speisialta shubstaintiúil ann leis an diúltú nó leis an mainneachtain a rinne sé agus go ndearna sé, a luaithe ab fhéidir tar éis an diúltaithe nó na mainneachtana lena mbaineann, ceanglas faoin alt lena mbaineann a chomhlíonadh (nó gur thairg sé, ach nár iarradh air, an ceanglas sin a chomhlíonadh) i ndáil le sampla fola a thógáil nó sampla fuail a chur ar fáil.

Cosaint ar dhiúltú cead a thabhairt sampla fola a thógáil nó 2 shampla anála a chur ar fáil.

(2) In ionchúiseamh duine i leith ciona faoi alt 13, 14 nó 15 mar gheall ar gur dhiúltaigh sé nó gur mhainnigh sé ceanglas a chomhlíonadh cead a thabhairt do dhochtúir ainmnithe sampla fola a thógáil nó gur dhiúltaigh sé nó gur mhainnigh sé ceanglas ó dhochtúir ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil, is cosaint é don chosantóir a dheimhniú don chúirt go raibh cúis speisialta shubstaintiúil ann leis an diúltú nó leis an mainneachtain a rinne sé agus go ndearna sé, a luaithe ab fhéidir tar éis an diúltaithe nó na mainneachtana lena mbaineann, ceanglas faoin alt lena mbaineann a chomhlíonadh (nó gur thairg sé, ach nár iarradh air, an ceanglas sin a chomhlíonadh) i ndáil le sampla fuail a chur ar fáil.

Cd.III A.23

(3) D'ainneoin fho-ailt (1) agus (2), féadfar fianaise a thabhairt, ag éisteacht cúisimh mar gheall ar chion faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht, gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh an cosantóir ceanglas a chomhlíonadh 2 shampla dá anáil a chur ar fáil, nó gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh an cosantóir ceanglas a chomhlíonadh cead a thabhairt sampla dá fhuil a thógáil nó ceanglas ó dhochtúir ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil, de réir mar a bheidh.

Urchosc ar chosaint áirithe in aghaidh cúiseamh faoi ailt 49 agus 50 den Phríomh-Acht.

24.—Ní cosaint é do dhuine a bheidh cúisithe i gcion faoi alt 49 (1) nó 50 (1) den Phríomh-Acht a shuíomh, i ndáil leis na fíorais a líomhnaítear gurb iad an cion iad, nach ndearnadh anailís nó cinneadh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994, nó nár iarradh air faoi alt 12 sampla dá anáil a chur ar fáil.

CUID IV

CEADÚNAIS TIOMÁNA

Ceanglas ceadúnas tiomána a iompar le linn feithicil a thiomáint.

25.—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach sa Phríomh-Acht in ionad alt 40 den Acht sin:

“40.—(1) (a) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a éileamh ar dhuine a bheidh ag tiomáint feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí nó a bheidh, de bhun rialachán faoin Acht seo, i gcuideachta sealbhóra ceadúnais shealadaigh le linn don sealbhóir sin a bheith ag tiomáint feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí ceadúnas tiomána, a mbeidh éifeacht leis an t-am sin agus a cheadúnóidh an duine sin chun an fheithicil a thiomáint, a thabhairt ar aird dó agus má dhiúltaíonn nó má mhainníonn an duine an ceadúnas a thabhairt ar aird amhlaidh san am sin agus san áit sin beidh sé ciontach i gcion.

(b) I gcás ina ndiúltaíodh nó ina mainneoidh duine, a n-éileofar air faoin alt seo ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird, an ceadúnas a thabhairt ar aird san am sin agus san áit sin, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a cheangal ar an duine an ceadúnas a thabhairt ar aird go pearsanta, laistigh de 10 lá tar éis dháta an cheanglais sin, do chomhalta den Gharda Síochána ag stáisiún Garda Síochána a ainmneoidh an duine tráth an cheanglais agus má dhiúltaíonn nó má mhainníonn an duine an ceadúnas a thabhairt ar aird amhlaidh beidh sé ciontach i gcion.

(c) In aon imeachtaí, aon deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag an gcomhalta a bhí i gceannas an stáisiúin Garda Síochána ag ar ceanglaíodh ar an gcosantóir lena mbaineann, de bhun mhír (b), an ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird, agus ina luafar nach ndearna an cosantóir, laistigh de 10 lá tar éis an lae a ceanglaíodh é a thabhairt ar aird, ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird de réir na míre sin (b), beidh sé, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartóidh an deimhniú a bheith sínithe aige nó gurbh é an comhalta é a bhí i gceannas an stáisiúin Garda

Síochána, ina fhianaise, go dtí go suítear a Cd.IV A.25
mhalairt, ar na fórais a bheidh luaite sa
deimhniú.

(d) I gcás ina gceanglófar ar aon duine ceadúnas
tiomána a thabhairt ar aird ag stáisiún Garda
Síochána agus go dtugann an duine an ceadúnas
ar aird laistigh de 10 lá tar éis an lae a ceanglaí-
odh é a thabhairt ar aird, déanfaidh an comhalta
atá i gceannas an stáisiúin Garda Síochána
deimhniú a eisiúint ina luafar gur tugadh an
ceadúnas ar aird amhlaidh agus beidh an
deimhniú sin ina fhianaise ar na fórais a bheidh
luaite sa deimhniú.

(2) I gcás ina ndéanfaidh duine a n-éileofar nó a gceanglófar
air faoin alt seo ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird an
ceadúnas a thabhairt ar aird de réir an éilimh nó an cheanglais,
ach go ndiúltoídh nó go mainneoidh sé a cheadú don chomhalta
den Gharda Síochána dá dtabharfar ar aird é an ceadúnas a
léamh, beidh sé ciontach i gcion.

(3) I gcás ina ndiúltoídh nó ina mainneoidh duine a n-éileofar
nó a gceanglófar air faoin alt seo ceadúnas tiomána a thabhairt
ar aird an ceadúnas a thabhairt ar aird amhlaidh nó ina dtabhar-
faidh sé a ceadúnas ar aird ach go ndiúltoídh nó go mainneoidh
sé a cheadú don chomhalta den Gharda Síochána dá dtabharfar
ar aird é an ceadúnas a léamh, féadfaidh an comhalta a ainm
agus a sheoladh a éileamh ar an duine agus, má dhiúltaíonn nó
má mhainníonn an duine a ainm agus a sheoladh a thabhairt
don chomhalta nó má thugann sé ainm nó seoladh atá bréagach
nó míthreorach don chomhalta, beidh sé ciontach i gcion.

(4) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána gabháil a
dhéanamh gan bharántas—

(a) ar dhuine a thabharfaidh ceadúnas tiomána ar aird
don chomhalta de bhun an ailt seo ach a dhiúltoídh
nó a mhainneoidh a cheadú don chomhalta é a
léamh, nó

(b) ar dhuine a dhiúltoídh nó a mhainneoidh, nuair a
éileoidh an comhalta a ainm agus a sheoladh go dlea-
thach air faoin alt seo, a ainm agus a sheoladh a thab-
hairt don chomhalta nó a thabharfaidh ainm nó seol-
adh don chomhalta a gcreideann an comhalta le
réasún é a bheith bréagach.

(5) Duine nach ndéanfaidh, nuair a éileofar nó nuair a cheang-
lófar air faoin alt seo ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird, an
ceadúnas a thabhairt ar aird toisc nach sealbhóir ceadúnais é,
measfar go mainníonn sé a cheadúnas tiomána a thabhairt ar
aird de réir bhrí fho-alt (1) den alt seo.”.

26.—Cuirfear an t-alt seo a leanas in ionad alt 26 den Phríomh-
Acht:

Orduithe
dícháiliúcháin
iarmhartacha.

“26.—(1) Faoi réir fho-alt (5) (b) den alt seo, i gcás ina gcion-
tófar duine i gcion a shonraítear sa Dara Sceideal a ghabhann
leis an Acht seo, déanfaidh an chúirt ordú (dá ngairtear ordú
dícháiliúcháin iarmhartach san Acht seo) á dhearbhu é a bheith
dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú.

Cd.IV A.26

(2) Faoi réir fho-alt (3) den alt seo, oibreoidh ordú dícháiliúcháin iarmhartach chun an duine lena mbaineann an t-ordú a dhícháiliú chun aon cheadúnas tiomána d'aon sórt a shealbhú i rith tréimhse sonraithe nó i rith tréimhse sonraithe agus ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh deimhniú inniúlachta nó deimhniú infheidhmeachta, nó iad araon, tugtha ar aird aige don údarás ceadúnúcháin cuí, de réir mar a shonrófar san ordú.

(3) Maidir le hordú dícháiliúcháin iarmhartach a thig de chiontú i gcion faoi alt 49 nó 50 nó faoi alt 53, i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a thiomáint, nó faoi alt 106, i gcás ina raibh baint ag an sárú le neamhchomhlíonadh mhír (a) nó (b) d'fho-alt (1) den alt sin, ina ndearnadh díobháil don phearsa, ina raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil tarlú agus inarbh é an duine ciontaithe tiománaí na feithicil lena mbaineann, den Acht seo nó faoi alt 13, 14 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, oibreoidh sé chun an duine lena mbaineann an t-ordú a dhícháiliú chun aon cheadúnas tiomána d'aon sórt a shealbhú i rith tréimhse sonraithe agus, mura deimhin leis an gcúirt gur chruthaigh an duine ciontaithe gurb ann do chúis speisialta (a shonróidh sí le linn di a hordú a dhéanamh) ina chás áirithe féin le nach n-oibreodh sé amhlaidh, ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh deimhniú inniúlachta, nó deimhniú inniúlachta agus deimhniú infheidhmeachta araon, tugtha ar aird aige don údarás ceadúnúcháin cuí, de réir mar a shonrófar san ordú.

(4) (a) Faoi réir mhír (b) den fho-alt seo, an tréimhse dhícháiliúcháin a shonrófar in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, is tréimhse a bheidh inti, i gcás an duine lena mbaineann an t-ordú a chiontú i gcion—

(i) faoi alt 49 nó 50 den Acht seo,

(ii) faoi alt 53 den Acht seo arna thriail ar díotáil,

(iii) faoi alt 106 den Acht seo, i gcás ina raibh baint ag an sárú le neamhchomhlíonadh mhír (a) nó (b) d'fho-alt (1) den alt sin, ina ndearnadh díobháil don phearsa, ina raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil tarlú agus inarbh é an duine ciontaithe tiománaí na feithicil lena mbaineann, nó

(iv) faoi alt 13, 14 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994,

nach giorra ná 2 bhliain i gcás arb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann agus nach giorra ná 4 bliana i gcás arb é an dara ciontú nó aon chiontú dá éis sin é i gcion faoin alt céanna.

(b) An tréimhse dhícháiliúcháin a shonrófar in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, is tréimhse a bheidh inti, i gcás an duine lena mbaineann an t-ordú a chiontú i gcion—

(i) faoi alt 49 nó 50 den Acht seo, nó

(ii) faoi alt 13, 14 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994,

agus gur deimhin leis an gcúirt gur chruthaigh an duine ciontaithe gurb ann do chúis speisialta (a shonróidh sí le linn di a hordú a dhéanamh) ina chás áirithe féin chun tréimhse den sórt sin a fhírinniú, is giorra ná 2 bhliain ach nach giorra ná 1 bhliain i gcás arb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann. Cd.IV A.26

(5) (a) Faoi réir mhír (b) den fho-alt seo, an tréimhse dhícháiliúcháin a shonrófar in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, is tréimhse a bheidh inti, i gcás an duine lena mbaineann an t-ordú a chiontú i gcion—

(i) faoi alt 53 den Acht seo arna thriail go hachomair, nó

(ii) faoi alt 56 den Acht seo,

nach giorra ná 1 bhliain i gcás arb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann agus nach giorra ná 2 bhliain i gcás arb é an dara cion nó aon chion dá éis sin é faoin alt céanna arna dhéanamh laistigh den tréimhse 3 bliana ón dáta a ndearnadh an cion roimhe sin nó, i gcás níos mó ná cion amháin den sórt sin, an cion deireanach den sórt sin.

(b) I gcás duine a chiontú i gcion—

(i) faoi alt 53 den Acht seo arna thriail go hachomair, nó

(ii) faoi alt 56 den Acht seo,

féadfaidh an chúirt, i gcás arb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann, más deimhin léi gur chruthaigh an duine ciontaithe gurb ann do chúis speisialta (a shonróidh sí le linn di a hordú a dhéanamh) ina chás áirithe féin chun beart den sórt sin a fhírinniú—

(I) diúltú ordú dícháiliúcháin iarmhartach a dhéanamh, nó

(II) tréimhse dhícháiliúcháin is giorra ná 1 bhliain a shonrú san ordú dícháiliúcháin iarmhartach.

(6) I gcás duine a chiontú i gcion faoi alt 49 nó 50 den Acht seo (cibé acu roimh thosach feidhme ailt 10 agus 11 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, nó dá éis sin) nó faoi alt 13, 14 nó 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1978, nó faoi alt 13, 14 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 ('an t-alt tosaigh') agus go gciontófar dá éis sin é i gcion amháin nó níos mó faoi aon cheann eile de na hailt sin ('an t-alt deiridh'), áireofar, chun críocha an ailt seo, gur dara ciontú nó, de réir mar a bheidh, ciontú dá éis sin i gcion faoin alt deiridh an ciontú faoin alt deiridh.

(7) An tréimhse dhícháiliúcháin a shonrófar in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, is tréimhse a bheidh inti, i gcás nach dtagann faoi réim fho-alt (4) nó (5) den alt seo, nach giorra ná 6 mhí.

(8) I gcás duine a chiontú i gcion ('an ciontú is déanaí') faoi alt 49 nó 50 den Acht seo (cibé acu roimh thosach feidhme ailt

Cd.IV A.26

10 agus 11 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, nó dá éis sin) nó faoi alt 13, 14 nó 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1978, nó faoi alt 13, 14 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, agus—

- (a) gur dara ciontú nó ciontú dá éis sin i gcion faoin alt céanna an ciontú nó go bhfuil sé, de bhua fho-alt (6) den alt seo, le háireamh mar dhara ciontú nó ciontú dá éis sin i gcion faoin alt céanna, agus
- (b) go mbeidh tréimhse 4 bliana nó níos mó, nach raibh an duine sin dícháilithe lena linn chun ceadúnas tiomána a shealbhú, caite ó ciontaíodh an duine roimhe sin, is ciontú ar faoina threoir is dara ciontú nó ciontú dá éis sin an ciontú is déanaí nó atá sé le háireamh, de bhua an fho-alt sin (6), mar dhara ciontú nó ciontú dá éis sin,

féadfaidh an chúirt, chun críocha an ailt seo, déileáil leis an gciontú is déanaí mar chéad chiontú.

(9) Faoi réir fho-ailt (10) agus (11) den alt seo, i ngach cás inar féidir achomharc a thionscnamh i leith ciontú i gcion ar féidir ordú dícháiliúcháin iarmhartach a dhéanamh ar dhuine a chiontú ann, tugtar leis seo don chúirt achomhairc dlínse chun ordú dícháiliúcháin iarmhartach a dhéanamh, a dhaingniú, a neamhniú nó a athrú mura mbeidh an dlínse sin aici ar shlí eile nó mura rud é nach gá an dlínse sin a thabhairt toisc gur i modh athéisteachta don achomharc.

(10) Ní neamhneofar ordú dícháiliúcháin iarmhartach ar achomharc mura rud é—

- (a) go ndéanfar an ciontú ar faoina threoir a forchuireadh é a fhreaschur, nó
- (b) go mbeidh feidhm ag forálacha fho-alt (5) (b) den alt seo.

(11) I gcás ina ndéanfar nó ina n-athrófar ordú dícháiliúcháin iarmhartach ar achomharc, comhlíonfar ceanglais fho-ailt (2) go (7) den alt seo agus beidh feidhm freisin ag forálacha fho-alt (8) den alt seo i gcás inarb iomchuí sin.”

Leasú ar fhorálacha a bhaineann le deireadh a chur le horduithe dícháiliúcháin iarmhartacha.

27.—Leasaítear leis seo alt 29 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) D’ainneoin fhorálacha fho-alt (1) (a)—

- (a) duine a mbeidh ordú dícháiliúcháin iarmhartach déanta ina leith ar é a chiontú i gcion lena mbaineann fo-alt (4) nó (5) d’alt 26 (arna chur isteach le halt 26 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994) den Acht seo, agus a gceanglaítear leis an bhfo-alt sin (4) nó (5), de réir mar a bheidh, tréimhse nach giorra ná 2 bhliain a bheith sa tréimhse dhícháiliúcháin a bheidh sonraithe san ordú ina leith, féadfaidh sé, am ar bith agus (ach amháin mar a luaitear anseo ina dhiaidh seo) ó am go ham tar éis 9 mí a bheith caite ó thosach na tréimhse dícháiliúcháin agus roimh dheireadh na tréimhse sin, iarratas a dhéanamh chun na cúirte a rinne an t-ordú á iarraidh uirthi deireadh

a chur leis an dícháiliúchán, agus féadfaidh an chúirt sin le hordú, más dóigh léi gurb ann d'imthosca a fhírinníonn beart den sórt sin, deireadh a chur leis an dícháiliúchán amhail ó dháta sonraithe nach luaithe ná 1 bhliain tar éis thosach na tréimhse dícháiliúcháin ach, má dhéanann sí amhlaidh, ordóidh sí don duine aon cheanglas a chomhlíonadh a bheidh san ordú dícháiliúcháin á cheangal ar an duine an deimhniú nó na deimhnithe a bheidh sonraithe ann a thabhairt ar aird don údarás ceadúnúcháin cuí; Cd.IV A.27

- (b) duine a mbeidh ordú dícháiliúcháin iarmhartach déanta ina leith ar é a chiontú i gcion lena mbaineann fo-alt (4) d'alt 26 (arna chur isteach amhlaidh) den Acht seo, agus a gceanglaítear leis an bhfo-alt sin (4) tréimhse nach giorra ná 4 bliana a bheith sa tréimhse dhícháiliúcháin a bheidh sonraithe san ordú ina leith, féadfaidh sé, am ar bith agus (ach amháin mar a luaitear anseo ina dhiaidh seo) ó am go ham tar éis 21 mhí a bheith caite ó thosach na tréimhse dícháiliúcháin agus roimh dheireadh na tréimhse sin, iarratas a dhéanamh chun na cúirte a rinne an t-ordú á iarraidh uirthi deireadh a chur leis an dícháiliúchán, agus féadfaidh an chúirt sin le hordú, más dóigh léi gurb ann d'imthosca a fhírinníonn beart den sórt sin, deireadh a chur leis an dícháiliúchán amhail ó dháta sonraithe nach luaithe ná 2 bhliain tar éis thosach na tréimhse dícháiliúcháin ach, má dhéanann sí amhlaidh, ordóidh sí don duine aon cheanglas a chomhlíonadh a bheidh san ordú dícháiliúcháin á cheangal ar an duine an deimhniú nó na deimhnithe a bheidh sonraithe ann a thabhairt ar aird don údarás ceadúnúcháin cuí,

agus déanfar na tagairtí sna forálacha eile den alt seo d'fho-alt (1) den alt seo a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don fho-alt seo.”.

28.—Cuirtear an méid seo a leanas in ionad alt 42 (4) (d) den Phríomh-Acht:

Sonraí dícháiliúchán a sholáthar do dhaoine áirithe.

“(d) fógra a thabhairt d'údarás cheadúnúcháin, agus do cibé daoine eile (más ann) a fhorordófar, i dtaobh ordú dícháiliúcháin iarmhartach, fo-ordú dícháiliúcháin nó ordú dícháiliúcháin speisialta a dhéanamh, a dhaingniú, a neamhniú, a athrú nó deireadh a chur leis nó i dtaobh formhuinthe a ordáíodh faoi alt 36 den Acht seo a dhéanamh, a dhaingniú nó a neamhniú.”.

29.—(1) Measfar go bhfuil feidhm ag ailt 22 (2), (4) agus (5), 26, 27, 28 (1), (3), (4) agus (5), 29, 30, 31, 32, 34, 36, 37, 39 agus 41 den Phríomh-Acht maidir le ceadúnais shealadacha mar atá feidhm acu maidir le ceadúnais tiomána ach amháin—

Feidhm fhorálacha an Phríomh-Achta maidir le ceadúnais shealadacha.

- (a) i gcás duine a bheith dícháilithe faoi alt 26 nó 27 den Phríomh-Acht chun ceadúnas tiomána a shealbhu i rith tréimhse sonraithe agus ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh deimhniú inniúlachta tugtha ar aird aige don údarás ceadúnúcháin cuí, go bhféadfaidh an duine, i ndeireadh na tréimhse sonraithe, ceadúnas sealadach a iarraidh, agus féadfar sin a dheonú dó, de réir fhorálacha alt 35 den Phríomh-Acht;

Cd.IV A.29

(b) i gcás duine a bheith dícháilithe faoi alt 28 (2) den Phríomh-Acht chun ceadúnas tiomána a shealbhú, go bhféadfaidh sé ceadúnas sealadach a iarraidh, agus féadfar sin a dheonú dó, de réir fhorálacha an ailt sin 35; agus

(c) i gcás duine is sealbhóir ar cheadúnas sealadach i leith feithiclí d'aon aicme go ceann tréimhse, agus a bhfuil deimhniú inniúlachta deonaithe dó i leith na haicme sin, nach mbeidh sé, de bhua fheidhm alt 22 (5) den Phríomh-Acht maidir le ceadúnais shealadacha, dícháilithe chun ceadúnas tiomána a iarraidh i leith feithiclí den aicme sin go ceann aon tréimhse a bheidh, nó a mbeidh cuid di, laistigh den tréimhse sin.

(2) Leasaítear leis seo alt 35 den Phríomh-Acht trí “duine a bhí ag tiomáint na feithicle” a chur in ionad “chosantóir” i mír (c) d’fho-alt (3).

CUID V

LUASTEORAINNEACHA

Leasú ar alt 44A den Phríomh-Acht.

30.—Leasaítear leis seo alt 44A (mar a cuireadh isteach le hAcht 1968) den Phríomh-Acht trí “(seachas mótarbhealaí)” a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh “gach bóthair phoiblí” sa dá áit a bhfuil na focail sin.

Luasteorainn mhótarbhealaigh.

31.—Leasaítear leis seo Cuid IV den Phríomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 44A (a cuireadh isteach le hAcht 1968):

“Luasteorainn mhótarbhealaigh.

44B.—(1) Faoi réir ailt 44, 44A (arna chur isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968), 45 agus 46 (arna chur isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994) den Acht seo, beidh luasteorainn (ar a dtabharfar ‘an luasteorainn mhótarbhealaigh’) 70 míle san uair an chloig ann i leith gach mótarbhealaigh do gach uile feithicil inneallghluaiste.

(2) Féadfaidh an tAire le rialacháin an luasteorainn a bheidh sonraithe i bhfo-alt (1) den alt seo a athrú agus beidh éifeacht leis an bhfo-alt sin de réir aon rialachán den sórt sin a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé.”.

Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht.

32.—Leasaítear leis seo alt 45 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “(seachas mótarbhealaí)” a chur isteach i mír (a) i ndiaidh “bóthair phoiblí”, agus

(b) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):

“(a) bóthar poiblí atá i gcontae-bhuirg nó i mbuirg eile, i gceantar uirbeach nó i mbaile mór, seachas bóthar a bhfuil dearbhaithe ag comhairle contae nó bardas contae-bhuirge i bhfodhlíthe faoi alt 46 den Acht seo nach bóthar poiblí i limistéar foirgnithe é chun na gcríoch sin;

- (b) bóthar poiblí nach bhfuil i gcontae-bhuirg ná i mbuirg eile, i gceantar uirbeach ná i mbaile mór, agus a bhfuil dearbhaithe ag comhairle contae i bhfodhlíthe faoi alt 46 den Acht seo gur bóthar poiblí i limistéar foirgnithe é chun na gcríoch sin.”

Cd.V A.32

33.—Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 46: Luasteorainneacha speisialta.

“Luasteorainneacha speisialta.

46.—(1) (a) Féadfaidh comhairle contae nó bardas contae-bhuirge fodhlíthe a dhéanamh ina sonrófár, maidir le haon bhóthar poiblí sonraithe nó le gach bóthar poiblí laistigh de chontae riaracháin na comhairle nó an bhardais, an luas (ar a dtabharfar ‘luasteorainn speisialta’) arb í an luasteorainn í ar an mbóthar nó ar na bóithre sin d’fheithiclí inneallghluaiste.

(b) Féadfaidh bardas contae-bhuirge, i bhfodhlíthe faoin alt seo, a fhoráil nach mbeidh feidhm ag an luasteorainn limistéir fhoirgnithe maidir le haon bhóthar poiblí sonraithe ina chontae riaracháin trína dhearbhuí nach bóthar poiblí i limistéar foirgnithe chun críocha alt 45 den Acht seo an bóthar poiblí sin.

(c) Féadfaidh comhairle contae, i bhfodhlíthe faoin alt seo—

(i) a fhoráil nach mbeidh feidhm ag an luasteorainn limistéir fhoirgnithe maidir le haon bhóthar poiblí sonraithe atá i mbuirg, i gceantar uirbeach nó i mbaile mór laistigh dá contae riaracháin trína dhearbhuí nach bóthar poiblí i limistéar foirgnithe chun críocha alt 45 den Acht seo an bóthar poiblí sin, agus

(ii) a fhoráil go mbeidh feidhm ag an luasteorainn limistéir fhoirgnithe maidir le haon bhóthar poiblí sonraithe nach bhfuil i mbuirg, i gceantar uirbeach ná i mbaile mór laistigh dá contae riaracháin trína dhearbhuí gur bóthar poiblí i limistéar foirgnithe chun críocha alt 45 den Acht seo an bóthar poiblí sin.

(d) Féadfaidh comhairle contae nó bardas contae-bhuirge, i bhfodhlíthe faoin alt seo, a fhoráil nach mbeidh

feidhm ag an luasteorainn mhót-
arbhealaigh maidir le haon mhót-
arbhealach sonraithe, nó le cuid de,
laistigh de chontae riaracháin na
comhairle nó an bhardais trína
dhearbhú nach mótarbhealach chun
críocha an Achta seo an mótarbhea-
lach sin nó an chuid sin.

(2) Sula ndéanfaidh sé nó sí fodhlíthe faoin alt seo—

(a) tabharfaidh comhairle contae fógra do bhardas aon bhuirge, do chomhairle aon cheantair uirbigh agus do choimisinéirí aon bhaile mhóir sa chontae riaracháin lena mbaineann maidir leis na forálacha sna fodhlíthe beartaithe a bhaineann le bóithre poiblí ina limistéir riaracháin faoi seach agus breithneoidh sí aon uiríll a dhéanfaidh bardas, comhairle nó coimisinéirí den sórt sin i scríbhinn chuig comhairle an chontae laistigh den tréimhse (nach giorra ná mí amháin tar éis an dáta a sheirbheálfar an fógra) a bheidh sonraithe san fhógra, agus

(b) tabharfaidh comhairle contae nó bardas contae-bhuirge fógra don Choimisinéir agus breithneoidh sé nó sí aon uiríll a dhéanfaidh an Coimisinéir i scríbhinn chuig an gcomhairle nó chuig an mbardas laistigh den tréimhse (nach giorra ná mí amháin tar éis an dáta a sheirbheálfar an fógra) a bheidh sonraithe san fhógra.

(3) Ní dhéanfaidh comhairle contae ná bardas contae-bhuirge fodhlíthe faoin alt seo a bhaineann le bóithre náisiúnta nó le mótarbhealaí gan toiliú roimh ré ón Údarás um Bóithre Náisiúnta.

(4) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun lánéifeacht a thabhairt don alt seo.

(b) Féadfar le rialacháin faoin bhfo-alt seo, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht mhír (a) den fho-alt seo, socrú a dhéanamh i ndáil le gach ceann nó le haon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(i) na luasteorainneacha a fhéadfar a shonrú i bhfodhlíthe faoin alt seo;

(ii) an aicme nó na haicmí feithicle inneallghluaiste a fhéadfar a dhíolmhú ó luasteorainneacha a shonrófar i bhfodhlíthe faoin alt seo.

(5) Is feidhmeanna forchoimeáda iad fodhlíthe a dhéanamh faoin alt seo agus uirill a dhéanamh faoi fho-alt (2) (a). Cd.V A.33

(6) Aon rialachán a rinneadh faoi alt 46 den Acht seo agus a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm agus measfar gur fodhlí faoin alt seo é tar éis an tosach feidhme sin agus, maidir le haon bhóthar poiblí, féadfaidh comhairle an chontae nó bardas na contae-bhuirge a bhfuil an bóthar suite ina contae riaracháin nó ina chontae riaracháin é a leasú nó a chúlghairm.

(7) San alt seo tá le ‘contae riaracháin’ an bhrí a shanntar do ‘administrative county’ leis an *Local Government (Ireland) Act, 1898.*”

34.—Leasaítear leis seo alt 47 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3): Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht.

“(3) San alt seo ciallaíonn ‘luasteorainn’ teorainn arb éard í—

- (a) gnáth-luasteorainn,
- (b) luasteorainn ghinearálta,
- (c) an luasteorainn limistéir fhoirgnithe,
- (d) luasteorainn speisialta, nó
- (e) an luasteorainn mhótarbhealaigh.”.

CUID VI

TRÁCHT A RIALÁIL

35.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun trácht (lena n-áirítear locadh feithiclí) agus coisithe in áiteanna poiblí a rialáil agus a rialú i gcoitinne. Rialacháin chun trácht agus coisithe a rialú i gcoitinne.

(2) Féadfar, le rialacháin faoin alt seo, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), socrú a dhéanamh maidir le gach ceann nó le haon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) rialacha i dtaobh úsáid bóithre ag trácht agus coisithe a shonrú;
- (b) a cheangal ar thrácht gluaiseacht i dtreo sonraithe amháin nó gluaiseacht ar feadh taoibh shonraithe den ród nó, i gcás dhá charrbhealach nó níos mó a bheith ann, ar feadh carrbhealaigh shonraithe;
- (c) codanna éagsúla den bhóthar a shannadh do chineálacha éagsúla tráchta (lena n-áirítear rothair chos) agus do choisithe;
- (d) a thoirmeasc ar thrácht nó ar thrácht sonraithe bóthar sonraithe nó codanna sonraithe den bhóthar (lena n-áirítear cosáin nó codanna den bhóthar atá in áirithe do rothair

Cd.VI A.35

chos) a úsáid nó trácht nó trácht sonraithe a shrianadh ón úsáid sin;

- (e) na cearta tosaíochta gluaiseachta do thrácht a shonrú;
- (f) na cúrsaí a leanfaidh trácht ag aomhail bhóithre a shonrú;
- (g) stopadh, cúlú, casadh agus scoitheadh feithiclí a rialáil agus a rialú;
- (h) tiomáint feithiclí inneallghluaiste agus rothar cos i ndáil le hainmhithe nó le trácht ainmhí-tharraingthe a thoirmeasc nó a rialáil agus a rialú;
- (i) tiomáint nó cinnireacht ainmhithe a thoirmeasc nó a rialáil agus a rialú;
- (j) béas-iompar coisithe ar bhóithre a rialáil agus a rialú agus cearta tosaíochta faoi seach tráchta agus coisithe ar bhóithre a shonrú;
- (k) rialacha i dtaobh locadh feithiclí in áiteanna poiblí a shonrú;
- (l) na háiteanna a shonrú, nó údaráis shonraithe bhóithre a údarú le rún chun na háiteanna a shonrú, inar féidir feithiclí a locadh cibé acu ar feadh tréimhse éiginnte nó ar feadh aon tréimhse nach faide ná tréimhse shonraithe;
- (m) na háiteanna a shonrú inar féidir locadh feithiclí a thoirmeasc nó a shrianadh;
- (n) luchtú nó díluchtú earraí a thoirmeasc nó a shrianadh ar nó trí nó trasna aon chuid de bhóthar;
- (o) a cheangal go dtabharfaidh daoine a bheidh i bhfeighil tráchta comharthaí sonraithe chun a chur in iúl cad tá ar intinn acu;
- (p) comhaltaí den Gharda Síochána do rialú tráchta agus coisithe;
- (q) trácht agus coisithe a rialú agus a rialáil le síneacha tráchta a mbeidh rialacháin (lena n-áirítear rialacháin i dtaobh na brí a ghabhfaidh leis na síneacha sin) i bhfeidhm ina leith de thuras na huairé faoi alt 95 (2) den Phríomh-Acht;
- (r) rialacha a shonrú le haghaidh luais tráchta in imthosca sonraithe;
- (s) aicmí sonraithe feithiclí a dhíolmhú ó fhorálacha sonraithe rialachán faoin alt seo agus aithint na bhfeithiclí díolmhaithe a chur in éifeacht.

(3) Féadfar rialacháin éagsúla a dhéanamh faoin alt seo—

- (a) i leith aicmí éagsúla tráchta, agus
- (b) le haghaidh imthosca éagsúla, limistéar éagsúil agus aicmí éagsúla bóithre.

(4) Is feidhm fhorchoimeáda é rún a dhéanamh de bhun rialachán Cd.VI A.35 faoi fho-alt (2) (l).

(5) (a) Duine a sháróidh rialachán faoin alt seo, beidh sé ciontach i gcion.

(b) Más rud é, i ndáil le locadh feithicle inneallghluaiste, go mbeidh sárú ar rialachán faoin alt seo, beidh gach duine de na daoine seo a leanas ciontach i gcion—

(i) úinéir cláraithe na feithicle,

(ii) i gcás ina mbeidh an fheithicil ina hábhar comhaontaithe fruiliomána ar an ócáid a bheidh i gceist, an duine dá mbeidh an fheithicil fruilithe faoin gcomhaontú, agus

(iii) murab é an duine a loc an fheithicil úinéir cláraithe na feithicle nó an duine dá mbeidh sí fruilithe faoi chomhaontú fruiliomána, an duine céadluaite.

(6) (a) I gcás inarb é úinéir cláraithe na feithicle lena mbaineann an duine a bheidh cúisithe i gcion faoi fho-alt (5) den alt seo, is cosaint dó a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid ag duine eile ar an ócáid a bhí i gceist agus—

(i) go raibh an úsáid sin neamhúdaráithe, nó

(ii) go raibh an fheithicil ina hábhar comhaontaithe fruiliomána ar an ócáid sin.

(b) I gcás inar duine dá raibh an fheithicil lena mbaineann fruilithe tráth déanta an chiona an duine a bheidh cúisithe i gcion faoi fho-alt (5) den alt seo, is cosaint dó a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid ag duine eile ar an ócáid a bhí i gceist agus go raibh an úsáid sin neamhúdaráithe.

36.—(1) Féadfaidh údarás bóithre fodhlíthe a dhéanamh chun locadh feithicilí a rialú agus a rialáil in áiteanna a shonrófar sna fodhlíthe (dá ngairtear áiteanna lotha san alt seo) ar bhóithre poiblí laistigh dá limistéar feidhmiúcháin agus forálfaidh sé sna fodhlíthe d'íoc táillí i leith an lotha sin.

Locadh feithicilí in áiteanna lotha ar bhóithre poiblí.

(2) Féadfar, le fodhlíthe faoin alt seo, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), socrú a dhéanamh maidir le gach ceann nó le haon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) sonrú áiteanna lotha;

(b) íoc táillí, lena n-áirítear modh agus cruthúnas an íoca (cibé acu trí bhíthin méadair lotha, trí dhoiciméad a cheannach agus a chur ar taispeáint nó ar shlí eile) i leith locadh feithicilí;

(c) sonrú méid aon táillí is infoctha de bhun fodhlíthe faoi fhomhír (b);

(d) sonrú na dtréimhsí uasta dar féidir feithicilí a locadh in áiteanna lotha sonraithe;

Cd.VI A.36

- (e) a thoirmeasc feithiclí a locadh in áit lothcha ar feadh tréimhse dá mbeidh táille inmhuirearaithe gan an táille chuí a bheith íoctha sa mhodh a shonraítear;
- (f) a thoirmeasc feithiclí a locadh in áit lothcha ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse ar íocadh táille ina leith;
- (g) sonrú na n-aicmí feithiclí a fhéadfaidh áit lothcha a úsáid a bhfuil táille iníoctha ina leith;
- (h) aicmí sonraithe feithiclí a dhíolmhú ó tháillí a íoc i leith locadh, na coinníollacha faoina bhféadfar aicmí sonraithe feithiclí a dhíolmhú amhlaidh agus aithint feithiclí díolmhaithe;
- (i) go ndéileálfar lena dtaispeánfar ar mhéadair lothcha mar fhi-anaise, go dtí go suítear a mhalairt, ar cibé fíorais agus chun cibé críocha a bheidh sonraithe sna fodhlíthe.

(3) Sula ndéanfaidh údarás bóithre fodhlíthe faoin alt seo (seachas fodhlíthe a bhaineann leis na táillí a bheidh le híoc i leith locadh feithiclí)—

- (a) rachaidh siad i gcomhairle leis an gCoimisinéir;
- (b) foilseoidh siad fógra i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa limistéar lena mbaineann na fodhlíthe—
 - (i) ina gcuirfear in iúl go bhfuil sé beartaithe fodhlíthe a dhéanamh faoin alt seo,
 - (ii) ina gcuirfear in iúl na hamanna ag ar féidir, an tréimhse (nach giorra ná mí amháin) ar féidir lena linn agus an áit (is áit laistigh dá limistéar feidhmiúcháin) inar féidir cóip de na dréacht-fhodhlíthe a iniúchadh,
 - (iii) ina luafar go bhféadfar uiríll a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás bóithre i ndáil leis na dréacht-fhodhlíthe roimh dháta sonraithe (is dáta nach luaithe ná 2 sheachtain tar éis dheireadh na tréimhse le haghaidh iniúchadh), agus
 - (iv) ina luafar go bhféadfar cóip de na dréacht-fhodhlíthe a cheannach ar tháille a íoc nach mó ná costas réasúnach na gcóipeanna sin a dhéanamh; agus
- (c) sula ndéanfaidh siad cinneadh an cóir na fodhlíthe a dhéanamh agus sula gcinnfidh siad cén t-ábhar a bheidh iontu, breithneoidh siad aon tuairimí a chuir an Coimisinéir faoina mbráid nó aon uiríll a bheidh déanta chucu de bhun mhír (b)(iii).

(4) Féadfar fodhlíthe éagsúla a dhéanamh faoin alt seo—

- (a) i leith limistéar éagsúil laistigh de limistéar feidhmiúcháin údarais bóithre,
- (b) i leith aicmí éagsúla feithiclí,
- (c) d'imthosca éagsúla, agus
- (d) i leith tréimhsí éagsúla ama.

(5) Is feidhmeanna forchoimeáda iad fodhlíthe a dhéanamh faoin alt seo agus tuairimí nó uiríl a bhreithniú faoi fho-alt (3) (c). CD.VI A.36

(6) A luaithe is féidir tar éis fodhlíthe a dhéanamh faoin alt seo, déanfar fógra faoina ndéanamh, agus faoin áit inar féidir cóipeanna díobh a cheannach nó a iniúchadh, a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear sa limistéar lena mbaineann na fodhlíthe.

(7) Féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta a eisiúint chuig údarais bhóithre i ndáil le hábhar fodhlíthe faoin alt seo agus féadfaidh sé aon treoirlínte faoin bhfo-alt seo a leasú nó a chealú agus, i gcás ina mbeidh aon treoirlínte den sórt sin i bhfeidhm de thuras na huaire, déanfaidh údarais bhóithre fodhlíthe faoin alt seo de réir na dtreoirlínte.

(8) (a) Duine a sháróidh fodhlí faoin alt seo, beidh sé ciontach i gcion.

(b) Más rud é, i ndáil le feithicil inneallghluaiste, go mbeidh sárú ar fhodhlí faoin alt seo, beidh gach duine de na daoine seo a leanas ciontach i gcion—

(i) úinéir cláraithe na feithicle,

(ii) i gcás ina mbeidh an fheithicil ina hábhar comhaontaithe fruiliomána ar an ócáid a bheidh i gceist, an duine dá mbeidh an fheithicil fruilithe faoin gcomhaontú, agus

(iii) murab é an duine a loc an fheithicil úinéir cláraithe na feithicle nó an duine dá mbeidh sí fruilithe faoi chomhaontú fruiliomána, an duine céadluaite.

(9) (a) I gcás inarb é úinéir cláraithe na feithicle lena mbaineann an duine a bheidh cúisithe i gcion faoi fho-alt (8) den alt seo, is cosaint dó a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid ag duine eile ar an ócáid a bhí i gceist agus—

(i) go raibh an úsáid sin neamhúdraithe, nó

(ii) go raibh an fheithicil ina hábhar comhaontaithe fruiliomána ar an ócáid sin.

(b) I gcás inar duine dá raibh an fheithicil lena mbaineann fruilithe tráth déanta an chiona an duine a bheidh cúisithe i gcion faoi fho-alt (8) den alt seo, is cosaint dó a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid ar an ócáid a bhí i gceist ag duine eile agus go raibh an úsáid sin neamhúdraithe.

(10) San alt seo ciallaíonn “méadar lotha” gaireas chun táillí a bhailiú ag áit lotha agus chun íoc na dtáillí sin agus na tréimhsí a bheidh caite ó íocadh iad a thaispeáint.

(11) (a) Faoi réir mhír (b), déanfar aon táillí faoin alt seo a dhiúscairt i cibé modh a chinnfidh an t-údarás bóithre lena mbaineann le rún.

(b) Féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta a eisiúint chuig údarais bhóithre i ndáil le diúscairt táillí faoin alt seo agus féadfaidh sé aon treoirlínte den sórt sin a leasú nó a chealú agus, i gcás ina mbeidh aon treoirlínte den sórt sin

Cd.VI A.36

i bhfeidhm de thuras na huair, déanfaidh údarás bhóithre táillí faoin alt seo a dhiúscairt de réir na dtreoirlínte.

(c) Is feidhm fhorchoimeáda é rún a dhéanamh de bhun mhír (a).

(12) In aon ionchúiseamh i leith ciona faoin alt seo, toimhdeofar, go dtí go suífidh an cosantóir a mhalairt, maidir le méadar lotha ag áit lotha, go raibh sé curtha ann go cuí faoin alt seo agus go raibh sé cruinn agus in ord maith oibre.

(13) Ní chuirfidh comhlíonadh a bhfeidhmeanna ag údarás bóithre faoin alt seo nó faoi aon fhodhlí faoin gcéanna an t-údarás faoi aon dliteanas maidir le haon fheithicil in áit lotha, nó na nithe a bheidh san fheithicil sin, a chailleadh nó a dhamáistiú.

Leasú ar alt 95 den Phríomh-Acht.

37.—Leasaítear leis seo alt 95 den Phríomh-Acht, arna leasú le hAcht 1968—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “ar bhóithre” a chur in ionad “ar bóthar” sa mhíniú ar “rialachán bóthair”; agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “sín tráchta”—

“ciallaíonn ‘sín tráchta’ aon sín, samháltán, fógra nó marcáil bóthair, nó aon ghléas chun comharthaí a thabhairt go meicniúil, a dhéanann ceann amháin nó níos mó acu seo a leanas i ndáil le bóthar poiblí nó le bóithre poiblí:

(a) a thugann eolas (agus gairtear ‘sín eolais’ de shín den sórt sin san alt seo),

(b) a thugann rabhadh do dhaoine ar chontúirt nó a thugann comhairle do dhaoine faoin gcúram is ceart a ghlacadh in aghaidh na contúirte sin, nó a dhéanann an dá ní sin le chéile (agus gairtear ‘sín rabhaidh’ de shín den sórt sin san alt seo),

(c) a chuireann in iúl rialachán bóthair a bheith ann nó a chuireann rialachán den sórt sin i bhfeidhm, nó an dá ní sin le chéile, nó a chuireann in iúl foráil a bheith in achtachán a bhaineann le trácht ar bhóithre (agus gairtear ‘sín rialaitheach’ de shín den sórt sin san alt seo);”,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) go (5):

“(3) (a) Féadfaidh údarás bóithre cibé síneacha eolais agus síneacha rabhaidh is inmhianaithe leo a sholáthar le haghaidh bóithre poiblí faoina gcúram.

(b) Faoi réir fho-alt (4) den alt seo, féadfaidh údarás bóithre, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir, cibé síneacha rialaitheacha is inmhianaithe leo a sholáthar le haghaidh bóithre poiblí faoina gcúram.

(4) (a) Sula soláthróidh údarás bóithre sín rialaitheach (agus gairtear ‘sín earnála speisialta’ de shín den sórt sin san alt seo) den chineál céanna le sín rialaitheach a shonraítear i rialacháin faoi fho-alt (2) den alt seo, déanfaidh siad—

CD.VI A.37

(i) fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear i limistéar feidhmiúcháin an údaráis—

(I) ina gcuirfear in iúl go bhfuil sé beartaithe an tsín a sholáthar,

(II) ina luafar go bhféadfar uiríll a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an togra chuig an údarás bóithre roimh dháta sonraithe (is dáta nach luaithe ná aon mhí amháin tar éis fhoilsiú an fhógra); agus

(ii) aon uiríll a bheidh déanta de bhun fhomhír (i) (II) den mhír seo a bhreithniú.

(b) Is feidhm fhorchoimeáda é cinneadh ag údarás bóithre sín earnála speisialta a sholáthar.

(5) (a) Déanfaidh údarás bóithre cibé síneacha rialaitheacha a iarrfaidh an Coimisinéir (seachas síneacha earnála speisialta) a sholáthar, sna hionaid a thaispeánfaidh an Coimisinéir, le haghaidh bóithre poiblí faoina gcúram agus déanfaidh siad, maidir le haon síneacha tráchta a sholáthrófar amhlaidh, aon aistrithe tréimhsiúla ó áit go háit a chur i gcrích, mar aon le haon athruithe agus aon díchur a iarrfaidh an Coimisinéir.

(b) Déanfaidh údarás bóithre, ar iarraidh an Choimisinéara, aon sín rialaitheach a dhíchur, is sín is dóigh leis an gCoimisinéir a bheith curtha ar fáil ar mhodh nó ag áit a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do shábháilteacht úsáidirí bóthair.”,

(c) trí “an údaráis bóithre a bhfuil an bóthar faoina gcúram” a chur in ionad “an Choimisinéara” i bhfo-ailt (10) agus (11), agus

(d) trí “nó toiliú” a scriosadh i bhfo-alt (19).

38.—(1) Féadfaidh údarás bóithre, ar mhaithe le sábháilteacht agus áis úsáidirí bóthair, cibé bearta maolaithe tráchta is inmhianaithe leo a sholáthar i leith bóithre poiblí faoina gcúram. Bearta maolaithe tráchta.

(2) Féadfaidh údarás bóithre aon bhearta maolaithe tráchta arna soláthar acu faoin alt seo a dhíchur.

Cd.VI A.38

(3) Sula ndéanfaidh údarás bóithre bearta maolaithe tráchta de cibé aicme nó aicmí a fhorordófar a sholáthar nó a dhíchur faoin alt seo—

(a) rachaidh siad i gcomhairle leis an gCoimisinéir;

(b) foilseoidh siad fógra i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear i limistéar feidhmiúcháin an údaráis—

(i) ina gcuirfear in iúl go bhfuil sé beartaithe na bearta a sholáthar nó a dhíchur, agus

(ii) ina luafar go bhféadfar uiríll a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an togra chuig an údarás bóithre roimh dháta sonraíthe (is dáta nach luaithe ná aon mhí amháin tar éis fhoilsiú an fhógra);

(c) déanfaidh siad aon tuairimí a thug an Coimisinéir nó aon uiríll a bheidh déanta de bhun mhír (b) (ii) a bhreithniú.

(4) Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinneadh a dhéanamh chun bearta maolaithe tráchta d'aicme a fhorordaítear faoi fho-alt (3) a sholáthar nó a dhíchur agus tuairimí nó uiríll a bhreithniú faoi mhír (c) den fho-alt sin.

(5) Ní dhéanfar bearta maolaithe tráchta a sholáthar ná a dhíchur i leith bóthair náisiúnta gan toiliú roimh ré ón Údarás um Bóithre Náisiúnta.

(6) Féadfaidh an tAire treoirlínte ginearálta a eisiúint chuig údarais bhóithre i ndáil le bearta maolaithe tráchta faoin alt seo agus féadfaidh sé aon treoirlínte den sórt sin a leasú nó a chealú agus, i gcás ina mbeidh aon treoirlínte den sórt sin i bhfeidhm de thuras na huaire, féachfaidh údarais bhóithre do na treoirlínte sin le linn dóibh feidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo.

(7) Measfar beart maolaithe tráchta arna sholáthar faoin alt seo a bheith ina dhéanmhas is cuid den bhóthar poiblí lena mbaineann agus is gá do shábháilteacht úsáidirí bóthair.

(8) (a) Duine a dhéanfaidh, gan údarás dleathach, beart maolaithe tráchta arna sholáthar faoin alt seo a dhíchur nó a dhamáistiú, nó a fhéachfaidh lena dhíchur nó lena dhamáistiú, beidh sé ciontach i gcion.

(b) Maidir le cion faoin bhfo-alt seo, féadfaidh an t-údarás bóithre, ar ina limistéar feidhmiúcháin a rinneadh na gníomhartha arb iad an cion iad, é a ionchúiseamh.

(9) San alt seo—

folaíonn “soláthar” cur suas nó suíomh, cothabháil agus (i gcás gléas chun comharthaí a thabhairt go meicniúil) oibriú, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin; agus

ciallaíonn “bearta maolaithe tráchta” bearta a shrianann nó a rialaíonn luas nó gluaiseacht feithiclí inneallghluaiste (cibé acu i gcoit-inne nó d'aicme áirithe) nó a choisceann, a shrianann nó a rialaíonn rochtain ar bhóthar poiblí nó ar bhóithre poiblí ag na feithiclí sin agus bearta a éascaíonn úsáid shábháilte bóithre poiblí ag aicmí éagsúla tráchta (lena n-áirítear coisithe agus rothaithe) agus folaíonn sé síneacha tráchta, marcálacha bóthair, mullaird, cuailí, poist, sicéin, limistéir tormáin, foréadain bhóthair atá ardaithe, íslithe nó

modhnaithe, rampaí, cúisíní luais, táblaí luais nó oibreacha nó feistí eile dá samhail, oileáin nó tearmainn láir, compail, acomhail mhodhnaithe, oibreacha chun leithead an róid a laghdú nó a mhodhnú agus tírdhreachú, plandú nó oibreacha eile dá samhail a sholáthar. Cd.VI A.38

CUID VII

ILGHNÉITHEACH

39.—(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, chun duine a ghabháil faoi alt 106 (3A) (arna chur isteach leis an Acht seo) den Phríomh-Acht, dul isteach gan bharántas (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) in aon áit (lena n-áirítear teaghais) ina bhfuil an duine nó a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, agus cúis réasúnach aige leis, go bhfuil an duine ann agus i gcás inar teaghais an áit, ní rachaidh an comhalta isteach amhlaidh mura bhfaca sé nó mura bhfaca comhalta eile den sórt sin an duine ag dul isteach sa teaghais lena mbaineann. Cumhachtaí iontrála.

(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, chun duine a ghabháil faoi alt 49 (8) nó 50 (10) den Phríomh-Acht, dul isteach gan bharántas (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) in aon áit (lena n-áirítear cúirtealáiste teaghaise ach gan teaghais a áireamh) ina bhfuil an duine nó a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, agus cúis réasúnach aige leis, go bhfuil an duine ann.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, chun ceanglas a chur ar dhuine faoi fho-alt (1) d'alt 15, dul isteach gan bharántas in aon ospidéal ina bhfuil an duine nó a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, agus cúis réasúnach aige leis, go bhfuil an duine ann.

(4) Féadfaidh dochtúir ainmnithe, chun sampla dá fhuil a thógáil ó dhuine nó chun go gcuirfidh duine sampla dá fhuil ar fáil dó faoi fho-alt (1) d'alt 15, dul isteach in aon ospidéal ina bhfuil an duine nó a mbeidh comhalta den Gharda Síochána tar éis fios a thabhairt don dochtúir go bhfuil an duine ann.

40.—Leasaítear leis seo airteagal 6 den Ordú um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú), 1958, i bhfo-airteagal (4), trí “focfar isteach sa Státchiste nó cuirfear chun tairbhe don Státchiste iad i cibé modh a ordóidh an tAire Airgeadais” a chur in ionad “aistreofar iad chun an Phríomh-Chuntais Cánach Mótair”. Leasú ar an Ordú um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú), 1958.

41.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, rialacháin a dhéanamh lena n-údarófar feithicil inneallghluaiste atá in úsáid in áit phoiblí a choinneáil, a aistriú, a stóráil agus a scaoileadh amach nó a dhiúscairt ina dhiaidh sin agus lena ndéanfar socrú ina thaobh sin— Feithiclí a choinneáil.

(a) i gcás ina ndiúltoídh nó ina mainneoidh an duine atá ag tiomáint na feithiclé ceadúnas tiomána a mbeidh éifeacht leis an t-am sin agus a cheadúnóidh é chun an feithicil a thiomáint a thabhairt ar aird san am sin agus san áit sin, nuair a éileoidh comhalta den Gharda Síochána air an ceadúnas sin a thabhairt ar aird faoi alt 40 (1) den Phríomh-Acht agus go mbeidh an comhalta den tuairim go bhfuil an duine neamh-incháilithe, mar gheall ar a aois, chun ceadúnas tiomána a shealbhú á cheadúnú chun an feithicil a thiomáint,

Cd.VII A.41

(b) i gcás ina mbeidh an fheithicil cláraithe sa Stát nó ina gcreideann comhalta den Gharda Síochána le réasún go bhfuil an fheithicil cláraithe amhlaidh agus ina mbeidh an comhalta den tuairim go bhfuil an fheithicil á húsáid amhlaidh de shárú ar alt 56 (1) den Phríomh-Acht, nó

(c) i gcás ina mbeidh comhalta den Gharda Síochána den tuairim, maidir le haon dleacht máil is iníochta faoi alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952, i leith na feithicle, is feithicil atá cláraithe sa Stát nó a gcreideann an comhalta le réasún go bhfuil sí cláraithe amhlaidh, nár íocadh an dleacht sin i leith tréimhse leanúnaí 3 mhí nó níos mó díreach roimh an úsáid sin.

(2) Féadfar, le rialacháin faoin alt seo, go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1)—

(a) údarú agus socrú a dhéanamh maidir le cibé daoine nó aicmí daoine a shonrófar sna rialacháin do ghnóthú muirear de réir scála fhorordaithe, ó úinéirí feithiclí a bheidh coinnithe, aistrithe, stóráilte, scaoilte amach nó diúscartha, i leith na coinneála, an aistrithe, na stórála, an scaoilte amach nó na diúscartha sin agus maidir le diúscairt airgid a gheofar i leith na muirear sin,

(b) socrú a dhéanamh maidir le tarscaoileadh nó cur siar na muirear sin i cibé imthosca a shonrófar sna rialacháin,

(c) socrú a dhéanamh maidir le scaoileadh amach feithiclí, a bheidh coinnithe, aistrithe nó stóráilte, ag daoine dá dtagraítear i mír (a), nó thar a gceann, chuig cibé daoine agus ar cibé coinníollacha a shonrófar sna rialacháin,

(d) údarú agus socrú a dhéanamh maidir le díol (nó le diúscairt ar shlí seachas trí dhíol) feithiclí a bheidh coinnithe, aistrithe nó stóráilte, ag daoine dá dtagraítear i mír (a), nó thar a gceann, agus socrú a dhéanamh maidir le diúscairt airgid a gheofar i leith an díola sin nó na diúscartha sin.

(3) D'ainneoin aon fhorálacha eile den alt seo, ní dhéanfar feithicil a dhiúscairt faoin gcéanna roimh dheireadh thréimhse 6 seachtaine ó dháta a coinneála nó 2 sheachtain tar éis fógra faoin diúscairt atá beartaithe a bheith tugtha sa mhodh forordaithe, cibé acu is faide.

(4) Duine a chuirfidh cosc nó bac, nó a chabhróidh le duine eile chun cosc nó bac a chur, le comhalta den Gharda Síochána ag comhlíonadh a dhualgas dó faoin alt seo, beidh sé ciontach i gcion.

(5) Ní bheidh aon ábhar caingne ann i leith aon ní a rinneadh de mheon macánta agus gan faillí le linn feithicil a bheith á coinneáil, á haistriú, á stóráil, á scaoileadh amach nó á diúscairt faoin alt seo.

Cumhacht údaráis bóithre trealamh áirithe, etc. a sholáthar agus a chothabháil ar bhóithre poiblí.

42.—Féadfaidh údarás bóithre, le toiliú an Choimisinéara, aon trealamh nó déanamhas is inmhianaithe leis an údarás, chun cionta faoi alt 47 (arna leasú leis an Acht seo) den Phríomh-Acht a bhrath, a sholáthar agus a chothabháil ar bhóithre poiblí faoina gcúram.

43.—Leasaítear leis seo alt 103 den Phríomh-Acht—

CD.VII

Leasú ar alt 103
den Phríomh-Acht.

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) d’fho-alt (2):

“(b) go bhféadfaidh an duine sin, i rith na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra, suim fhorordaithe a mbeidh an fógra ina teannta a íoc le comhalta den Gharda Síochána nó le duine údaraithe ag stáisiún Garda Síochána sonraithe nó ag áit shonraithe eile.”;

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) d’fho-alt (3):

“(b) go bhféadfaidh duine a dhlífear a ionchúiseamh i leith an chiona, i rith na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra, suim fhorordaithe a mbeidh an fógra ina teannta a íoc le comhalta den Gharda Síochána nó le duine údaraithe ag stáisiún Garda Síochána sonraithe nó ag áit shonraithe eile.”;

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b) d’fho-alt (4):

“(a) féadfaidh duine lena mbaineann an fógra, i rith na tréimhse a shonrófar san fhógra, an íocaíocht a shonrófar san fhógra agus a mbeidh an fógra ina teannta a dhéanamh le comhalta den Gharda Síochána nó le duine údaraithe sa stáisiún Garda Síochána nó ag áit eile a shonrófar san fhógra,

(b) féadfaidh an comhalta nó an duine údaraithe an íocaíocht a ghlacadh, admháil uirthi a eisiúint, agus í a choinneáil chun go ndéanfar í a dhiúscairt de réir an Achta seo agus ní bheidh aon íocaíocht a ghlacfar amhlaidh inghnóthaithe in imthosca ar bith ag an duine a d’íoc í.”; agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8) (a cuireadh isteach le halt 64 d’Acht 1968):

“(8) San alt seo ciallaíonn ‘duine údaraithe’ duine arna cheapadh ag an Aire Dlí agus Cirt le bheith ina duine údaraithe chun críocha an ailt seo.”.

44.—Leasaítear leis seo alt 105 den Phríomh-Acht, i mír (b), trí (lena n-áirítear gléas fótagrafach)” a chur isteach i ndiaidh “uairiadóir nó gléas leictreonach nó gléas eile”.

Leasú ar alt 105
den Phríomh-Acht.

45.—Leasaítear leis seo alt 106 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

Leasú ar alt 106
den Phríomh-Acht.

“(3A) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas is duine a bhfuil, i dtuairim an chomhalta, cion á dhéanamh nó déanta aige faoi fho-alt (3) den alt seo i gcás ina bhfuil nó, de réir mar is cuí, ina raibh, baint ag an sárú le neamhchomhlíonadh mhír (a) nó (b) d’fho-alt (1) den alt seo, ina ndearnadh díobháil don phearsa, ina raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil tarlú agus, i dtuairim an chomhalta, inarb é nó, de réir mar is cuí, inarb é an duine céadluaite tiománaí na feithicle lena mbaineann.”.

Cd.VII
Leasú ar alt 107
den Phríomh-Acht.

46.—Leasaítear leis seo alt 107 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) Féadfar ceanglas faoi fho-alt (4) den alt seo a chur ar dhuine go pearsanta nó i bhfógra i scríbhinn a sheirbheálfar air leis an bpost cláraithe.

(b) D’ainneoin an fho-ailt sin (4), i gcás ina gcuirfear ceanglas faoin bhfo-alt sin ar dhuine i bhfógra a sheirbheálfar air leis an bpost cláraithe, ní bheidh an duine ciontach i gcion mura mainneoidh sé an ceanglas a chomhlíonadh laistigh den am (nach giorra ná 14 lá ón dáta ar ar cuireadh an fógra sa phost) a shonrófar san fhógra.”.

Leasú ar alt 9 den
Phríomh-Acht.

47.—Leasaítear leis seo alt 9 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite leis an Acht seo, déanfar gach táille agus gach suim eile a gheobhaidh an Coimisinéir nó aon chomhalta eile den Gharda Síochána nó duine údaraithe (de réir bhrí alt 103 den Acht seo) faoin Acht seo nó faoi rialacháin faoin Acht seo a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste i cibé modh a ordóidh an tAire Airgeadais.”.

Imeachtaí achoimre.

48.—(1) D’ainneoin alt 10 (4) den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, agus faoi réir fho-alt (2), féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoi alt 64 nó 115 den Phríomh-Acht a thionscnamh—

(a) tráth ar bith laistigh de 6 mhí ón dáta ar a ndearnadh an cion, nó

(b) tráth ar bith laistigh de 3 mhí ón dáta ar a dtiocfaidh an duine a thionscnóidh na himeachtaí ar an eolas i dtaobh fianaise is leor, i dtuairim an duine sin, chun imeachtaí a fhírinniú,

cibé acu is déanaí.

(2) Ní thionscnófar imeachtaí achoimre a luaitear i bhfo-alt (1) den alt seo tráth is déanaí ná 3 bliana ón dáta ar a ndearnadh an cion.

(3) Chun críocha an ailt seo, aon deimhniú a bheidh sínithe ag an duine a thionscnóidh na himeachtaí, nó a bheidh sínithe thar a cheann ag duine a bheidh údaraithe aige an deimhniú sin a shíniú thar a cheann, ina luafar an dáta ar ar tháinig an duine céadluaite ar an eolas i dtaobh fianaise a bhfuil tuairisc uirthi i bhfo-alt (1) (b) den alt seo, beidh sé, go dtí go suífear a mhalairt, ina fhianaise leordhóthanach in aon imeachtaí faoi alt 64 nó 115 den Phríomh-Acht ar na fíorais a bheidh luaite ann, gan cruthúnas ar aon síniú a bheidh air ná gurbh é an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú agus, go dtí go suífear a mhalairt, is fianaise leordhóthanach é ar an duine céadluaite do chomhlíonadh na gceanglas a fhorchuirtear air leis an alt seo nó faoi.

Mionleasuithe agus
leasuithe
iarmhartacha.

49.—(1) Leasaítear leis seo an Phríomh-Acht—

(a) in alt 3 (1)—

(i) trí “nó ligin” a chur isteach i mír (a) den mhíniú ar Cd.VII A.49
“comhaontú fruiliomána” i ndiaidh “fruilcheannaigh”;

(ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “droichead meáchain soghluaiste”:

“tá le ‘mótarbhealach’ an bhrí a shanntar dó le hAcht na mBóithre, 1993;

tá le ‘luasteorainn mhótarbhealaigh’ an bhrí a shanntar dó le halt 44B (arna chur isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994) den Acht seo;”;

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “úinéir”:

“ciallaíonn ‘úinéir’, nuair a úsáidtear é i ndáil le feithicil inneallghluaiste, le leantóir nó le leathleantóir is ábhar comhaontaithe fruilcheannaigh nó comhaontaithe ligin, an duine atá i seilbh na feithicle faoin gcomhaontú;”;

(iv) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “áit phoiblí”:

“ciallaíonn ‘áit phoiblí’—

(a) aon bhóthar poiblí, agus

(b) aon sráid, bóthar nó áit eile a bhfuil slí isteach ann ag an bpobal le feithiclí cibé acu ó cheart nó le cead é agus cibé acu faoi réir muirir nó saor ó mhuirear é;“;

agus

(v) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “luasteorainn speisialta”:

“tá le ‘luasteorainn speisialta’ an bhrí a shanntar dó le halt 46 (arna chur isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994) den Acht seo;”;

(b) in alt 7—

(i) trí “agus riail a dhéanfar faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994” a chur in ionad “faoin Acht seo a dhéanfaidh an Coimisinéir agus le gach riail faoi a dhéanfaidh sé féin nó údarás áitiúil” i bhfo-alt (1), agus

(ii) trí “agus rialacha arna ndéanamh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994” a chur in ionad “faoin Acht seo arna ndéanamh ag an gCoimisinéir agus rialacha faoi arna ndéanamh aige féin nó ag údarás áitiúil” i bhfo-alt (2);

(c) in alt 28 (1)—

(i) trí “nó údarás ceadúnúcháin cuí” a chur isteach i ndiaidh “den Gharda Síochána”, agus

Cd.VII A.49

(ii) trí “nó an t-údarás ceadúnúcháin” a chur isteach i ndiaidh “an t-oifigeach”;

(d) in alt 36 (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na bhfocal atá idir lúibíní:

“agus, i gcás ciona ar chion de chineál a shonraítear i mír 1, 2, 3, 9, 10 nó 12 (b) den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht seo é dá mba é an dara cion nó aon chion dá éis sin é arna dhéanamh laistigh d’aon tréimhse 3 bliana agus, i gcás ciona ar chion de chineál a shonraítear i mír 7 den Dara Sceideal sin é dá mba é an tríú cion nó aon chion dá éis sin é arna dhéanamh laistigh d’aon tréimhse 3 bliana agus, i gcás ciona a shonraítear i mír 8 nó 11 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, ar cion é ar dhiúltaigh an chúirt, de bhun alt 26 (5) (b) den Acht seo, ordú dícháilíúcháin a dhéanamh ina leith, déanfaidh sí”;

(e) in alt 37 (2), trí “trí bliana” a chur in ionad “cúig bliana” i mír (b) (i);

(f) in alt 53—

(i) trí “10 mbliana” a chur in ionad “cúig bliana” agus trí “£10,000” a chur in ionad “£3,000” (mar a cuireadh isteach le hAcht 1984) i bhfo-alt (2) (a), agus

(ii) trí “an luasteorainn limistéir fhoirgnithe, an luasteorainn speisialta nó an luasteorainn mhótarbhealaigh” a chur in ionad “an luasteorainn limistéir fhoirgnithe nó an luasteorainn speisialta” i bhfo-alt (3);

(g) in alt 64, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4) (a cuireadh isteach le hAcht 1968):

“(4) (a) Chun críocha ionchúisimh i leith ciona faoin alt seo, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, trí fhógra i scríbhinn a sheirbheálfar leis an bpost ar árachóir feithicle, a cheangal ar an duine aon doiciméad dá dtagraítear i bhfo-alt (3) den alt seo a thabhairt don chomhalta laistigh de 10 lá ó dháta seirbheála an fhógra, ar doiciméad é atá i seilbh an duine sin nó ar fáil aige agus atá sonraithe san fhógra.

(b) Duine a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas ó chomhalta den Gharda Síochána faoi mhír (a) den fho-alt seo a chomhlíonadh, beidh sé ciontach i gcion.”;

(h) in alt 69 (2), trí “3 mhí” a chur in ionad “mí” i mír (a);

(i) in alt 101, trí na fo-ailt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7A) (a cuireadh isteach le hAcht 1968):

“(7B) Más rud é, i ndáil le feithicil inneallghluaiste, go mbeidh sárú ar fhodhlí faoi fho-alt (7) den alt seo, beidh gach duine de na daoine seo a leanas ciontach i gcion—

(a) úinéir cláraithe na feithicle,

(b) i gcás ina mbeidh an fheithicil ina hábhar comhaontaithe fruiliomána ar an ócáid a

bheidh i gceist, an duine dá mbeidh an fheithicil Cd.VII A.49
fruilithe faoin gcomhaontú, agus

(c) murab é an duine a loc an fheithicil úinéir cláraithe na feithicle nó an duine dá mbeidh sí fruilithe faoi chomhaontú fruiliomána, an duine céadluaite.

(7C) (a) I gcás inarb é úinéir cláraithe na feithicle lena mbaineann an duine a bheidh cúisithe i gcion faoi fho-alt (7B) (arna chur isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994) den alt seo, is cosaint dó a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid ag duine eile ar an ócáid a bhí i gceist agus—

(i) go raibh an úsáid sin neamhúdairithe, nó

(ii) go raibh an fheithicil ina hábhar comhaontaithe fruiliomána ar an ócáid sin.

(b) I gcás inar duine dá raibh an fheithicil lena mbaineann fruilithe tráth déanta an chiona an duine a bheidh cúisithe i gcion faoi fho-alt (7B) (arna chur isteach amhlaidh) den alt seo, is cosaint dó a shuíomh go raibh an fheithicil á húsáid ag duine eile ar an ócáid a bhí i gceist agus go raibh an úsáid sin neamhúdairithe.”;

(j) in alt 101B (arna chur isteach le hAcht 1987)—

(i) trí “35 nó 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994” a chur in ionad “90 den Acht seo” i bhfo-alt (2), agus

(ii) trí “rialacháin nó fodhlíthe faoi alt 35 nó 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994” a chur in ionad “fhodhlíthe nó rialacha sealadacha arna ndéanamh faoi alt 90 den Acht seo” i mír (b) d’fho-alt (8);

(k) trí “do na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994” a chur in ionad “don Acht seo” in alt 97(1) (b), trí “sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994” a chur in ionad “san Acht seo” in ailt 102, 125 agus 126, trí “faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994” a chur in ionad “faoin Acht seo” in ailt 103, 107, 110 agus 115, trí “na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994” a chur in ionad “an Achta seo” in alt 103 (4) (b), trí “na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994 nó fúthu” a chur in ionad “an Acht seo nó faoi” in alt 111 agus trí “na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994” a chur in ionad “an tAcht seo” in alt 125; agus

(l) tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad an Dara Sceideal:

“Alt 26.

An Dara Sceideal

Cionta faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994, a ngabhann Orduithe Dícháil-úcháin Iarmhartacha leo.

Feithicil
inneallghluaiste a
úsáid gan deimhniú
tástála.

1. Cion ag duine faoi fho-alt (2) d’alt 18 den Acht seo, is cion arna dhéanamh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin bhfo-alt sin ar ciontaíodh é ina leith.

[Uimh. 7.] *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre*, [1994.]
1994.

Cd.VII A.49

Feithicil inneallghluaiste a thiomáint sula leigheasfar locht contúirteach.

2. Cion ag duine faoi fho-alt (10) d'alt 20 den Acht seo, is cion arna dhéanamh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin bhfo-alt sin ar ciontaíodh é ina leith.

Tiomáint feithicle inneallghluaiste ag duine agus é neamhfheidhmiúil.

3. Cion ag duine faoi alt 48 den Acht seo, is cion arna dhéanamh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin alt sin ar ciontaíodh é ina leith.

Feithicil inneallghluaiste a thiomáint ag duine agus é faoi bhrí dí meisciúla nó druga.

4. Cion faoi alt 49 den Acht seo.

Duine a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste agus é faoi bhrí dí meisciúla nó druga.

5. Cion faoi alt 50 den Acht seo.

Diúltú nó mainneachtain sampla a chur ar fáil nó ceanglas ó dhochtúir ainmnithe a chomhlíonadh.

6. Cion faoi alt 13, 14 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994.

Tiomáint neamhaireach.

7. Cion ag duine faoi alt 52 den Acht seo, i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a thiomáint, is cion arna dhéanamh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine 2 chion nó níos mó roimhe sin faoin alt sin ar ciontaíodh é ina leith.

Tiomáint chontúirteach feithicle inneallghluaiste.

8. Cion faoi alt 53 den Acht seo i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a thiomáint.

Feithicil inneallghluaiste ar a bhfuil locht contúirteach a thiomáint.

9. Cion ag duine faoi alt 54 den Acht seo, is cion arna dhéanamh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin alt sin ar ciontaíodh é ina leith.

Feithicil inneallghluaiste a locadh i suíomh contúirteach.

10. Cion ag duine faoi alt 55 den Acht seo, i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a locadh agus inar thréimhse laistigh d'uaireanta soilsiúcháin (mar a shonraítear san alt) nár chomhlíon an fheithicil lena linn na ceanglais a fhorchuirtear le dlí maidir le soilsiúchán agus le frithchaitoirí aon chuid de thréimhse an tsáráithe, is cion arna dhéanamh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin alt sin ar ciontaíodh é ina leith.

Feithicil inneallghluaiste nach bhfuil faoi árachas a úsáid.

11. Cion faoi alt 56 den Acht seo.

Mainneachtain dualgais a chomhlíonadh nuair a tharlaíonn tionóisc.

12. (a) Cion faoi alt 106 den Acht seo, i gcás ina raibh baint ag an sárú le neamhchomhlíonadh mhír (a) nó (b) d'fho-alt (1) den alt sin, ina ndearnadh díobháil don phearsa, ina raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil

tarlú agus inarbh é an duine ciontaithe tiománaí na feithicle lena mbaineann. Cd.VII A.49

- (b) Cion faoi alt 106 den Acht seo (seachas cion lena mbaineann fomhír (a) den mhír seo) i gcás ina ndearnadh díobháil don phearsa, ina raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil tarlú agus inarbh é an duine ciontaithe tiománaí na feithicle lena mbaineann, is cion arna dhéanamh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion den sórt sin roimhe sin ar ciontaíodh é ina leith.

Duine do thabhairt feithicil inneallghluaiste leis gan údarás. 13. Cion faoi fho-alt (2) d'alt 112 den Acht seo.”.

(2) Déanfar tagairt in alt 3 (1) (a) (mar a cuireadh isteach le hAcht 1987) den Acht um Údarais Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975, do na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1984, agus tagairtí in Acht 1993 do na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1987, a fhorléiriú mar thagairtí do na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 1994.

(3) Leasaítear leis seo Acht 1993—

(a) in alt 20 (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (l):

“(l) sín tráchta shonraithe a sholáthar faoi réim agus de réir alt 95 d’Acht 1961,”, agus

(b) in alt 23, trí fho-alt (3) a scriosadh.